D'fhéadfaí a rá gurbh ionann 2022 agus filleadh ar leibhéal normáltachta ní hamháin do BOO, ach d'Éirinn ina hiomláine, agus go deimhin don domhan mórthimpeall orainn – ach is léir anois gurb é an t-aon rud normálta d'earnáil BOO ná an siorathrú. Tá an uailmhian agus an díocas chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach d'fhoghlaimoirí agus dá bpobail ina chuid de dhlúth agus d'ineach na hearnála, agus is é an tús áite a thugtar dó seo an t-éiteas comhroinnte a cheanglaíonn ár n-iliomad snáitheanna éagsúla le chéile. Tá earnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna chomh héagsúil céanna leis na foghlaimoirí a bhfreastalaíonn sí orthu. Tá BOO foruathúil. Is do chách atá BOO. Tugann sé an deis chun páirt a ghlacadh san fhoghlaim i mórán gach pobal in Éirinn beag beann ar aon leibhéal oideachais roimhe seo agus conaire chun dul chun cinn a dhéanamh chomh fada agus is mian le haon duine.



> Maoiniú BOO in 2022


Tacaíonn Aonad Feidhmíochta agus Cistithe Córais SOLAS le próisis dearbhaithe deontais, cistithe agus pleanála a bhaineann le hearnáil BOO. Ina measc siúd, tá an próiseas bliantúil i dtaobh an Chórais um Iarraidh agus Leithdháileadh Maoinithe a éascaíonn an bealach a gcuireann soláthraithe BOO isteach ar shonraí cáilíochtúla, cainníochtúla, agus airgeadais chun tacú lena n-iarraíais maoinithe. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, sholáthair Plean Seirbhísí BOO 2022 leithdháileadh buiséid iomlán dár luach €948.8m a cuireadh ar fáil do bhreisoideachas atá maoinithe ag SOLAS agus soláthar oiliúna in 2022, lena n-áirítear leithdháileadh caipitil dar luach €47.5m.

Cruinníonn agus tiomsaíonn an tAonad Feidhmíochta agus Cistithe Córais sonraí cainníochtúla, a thuiriscíonn Boird Oideachais agus Oiliúna, trí na córais PLSS agus FARR go príomha, chun tuairiscí a chur ar fáil do sholáthar BOO. Tá léiriú thíos ar fhaisnéis faoi ghníomhaíocht BOO a thuiriscíonn Boird Oideachais agus Oiliúna trí na meicníochtaí seo in 2022.

In 2022, tháinig feabhas suntasach ar an gcóras Breisoideachais agus Oiliúna ó thréimhsí na dianghlasála agus ó thionchar na Paidéime domhanda. Thairfead córas foghlaiméora náisiúnta BOO 234,218 foghlaiméoir uathúla in 2022 a raibh rochtain acu ar sholáthar lárnach BOO; chláraigh 21,153 foghlaiméoir breise ar an gcóras náisiúnta ríomhCholáiste agus bhí 26,325 printíseach ar an iomlán i gceist in Éirinn.

Treochtaí Rollaithe Croí-sholáthair BOO

Sonraí rollaithe ó Chóras Foghlaiméora BOO PLSS



BOO in 2022



79,554

gníomhaíocht pháirtaimseartha*

212,501

gníomhaíocht pháirtaimseartha*



303,465

gníomhaíocht*

11,410

cúrsa BOO ar líne



25,287

gníomhaíocht ríomhCholáiste

59,711

gníomhaíocht oideachais phobail

247,765

iontrálaí nua

Gníomhaíocht: Méadaíodh líon na bhfoghlaimeoirí faoi líon na gcúrsaí ar ar chláraigh siad nó ar ar chríochnaigh siad laistigh de chlár nó ar fud cláir éagsúla, nó soláthraithe i rith bliain ar leith.

* Ní áirítear leis seo gníomhaíocht foghlaimeora ríomhCholáiste.

34

braisle scileanna

Taighde, Sonraí agus Rannpháirtíocht Straitéiseach

In 2022, bhí an fhoireann Taighde, Sonraí agus Rannpháirtíochta Straitéisí i gceannas ar cheann de na mórspriocanna go dtí seo i seachadadh chlár oibre na Foghlama a Athrú ó Bhonn nuair a cuireadh **Comhaontuithe um Fheidhmíocht Straitéiseach 2022 – 2024** i gcrích idir SOLAS agus gach ceann de na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Leagann na comhaontuithe nua seo na pleananna amach don todhchaí maidir le forbairt agus nuálaíocht ar fud chóras an BOO agus

áirítear leis seo an ranníocaíocht bheartaithe ó gach BOO do na spriocanna córais náisiúnta a comhaontaíodh leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Áirítear leis na 12 sprioc córais náisiúnta tagairt do réimsí agus do théamaí a mheastar a bheith rithábachtach sna chéad chomhaontuithe um fheidhmíocht straitéiseach 2018-2020 amhail torthaí fostaíochta, dul chun cinn chuig ardoideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil, agus cuirtear príomhthosaíochtaí náisiúnta lena n-áirítear scileanna glasa agus athoilúint an fhórsa saothair san áireamh ag an am céanna.

Spriochtéama	Spriocbheart
Poist a Thacú	Poist: Torthaí fostaíochta a thabhairt ar ais ag leibhéal 2019 agus iad a fhás 10% roimh 2024
	Scileanna le dul in lomaíoch: 50,000 áit a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a chaill a bpost chun bealach a fháil ar ais chuig obair inbhuanaithe
Conairí a Chruthú	Dul Chun Cinn laistigh BOO: Gluaiseachtaí dul chun cinn laistigh BOO a thabhairt ar ais ag na leibhéil a bhí ann sa bhliain 2019 agus iad a fhás 10% roimh 2024
	Dul Chun Cinn ó BOO-AO: Leibhéal dul chun cinn a fhás 10% faoi 2024
Ionchuiamsiú a Chothú	Tras-Scileanna: Teastas ag leibhéal 1-3 an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a thabhairt ar ais ag na leibhéil a bhí ann sa bhliain 2019 agus iad a fhás 10% roimh 2024
	Rannpháirtíocht a Fhás: Leibhéal rannpháirtíochta a thabhairt ar ais ar comhchéim le leibhéal na bliana 2019 agus tús a chur leis an bhfás mar a bhí
	Litearthacht d'Aosaigh don Saol: Soláthar le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta
Uasoiliúint Trí Shaoil agus Trí Ghairmeacha	Foghlaim ar Feadh an tSaoil: Rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a thabhairt ar ais chuig na leibhéil a bhí ann sa bhliain 2019 agus iad a fhás 10% roimh 2024
	Scileanna le Dul Ar Aghaidh: Cur le rolluithe uasoiliúna an fhórsa saothair ar bhonn leanúnach

Spriocthéama	Spriocbheart
Ar Riachtanais Bunscoilanna a Dhirú	Riachtanais Bunscoilanna: Líon na n-áiteanna atá ag plé le riachtanais bunscoilanna a mhéadú
	Scileanna Aisfheistithe: Méadú ar sholáthar uasoiliúna chun riachtanais aisfheistithe a shásamh
	Scileanna Glasa do Chách: Modúl a chlúdaíonn leabú bunscoilanna glasa ar fud cúrsaí BOO

De réir mar a chuirtear na comhaontuithe i bhfeidhm, ceadóidh siad do chóras BOO 'tosú as an nua' go dtí go mbainfear leibhéil ghníomhaíochta agus torthaí amach a bhí ann roimh an bpaindéim agus beidh tuilleadh fáis ann ansin. Thar aon ní eile, áfach, déanann siad foráil d'athchóiriú agus d'fhíorú uailmhian straitéis BOO Amach Anseo, 'An Fhoghlaim a Athrú ó Bhonn', ar fud na 16 réigiún de chuid BOO.

Tá **tuarascáil** ar an gcóras náisiúnta ag gabháil leis na comhaontuithe foilsithe freisin ina dtugtar achoimre ar an dul chun cinn agus ar an méid a baineadh amach ó cuireadh na chéad chomhaontuithe i bhfeidhm, na príomhthéamaí a thagann chun cinn ó na comhaontuithe sin a mhúnlóidh forbairt an chórais, agus spriocanna náisiúnta BOO a sheachadfar thar tréimhse 2022-24. Táthar ag súil anois, faoi dheireadh 2024, le go dtarlóidh na nithe seo a leanas do chóras BOO:

- A thorthaí fostaíochta a mhéadú le breis agus 10% ar leibhéil réamhphaindéime agus tá tairiscint amháin Scileanna le dul in lomaíoch ann do dhaoine dífhostaithe, rud a chuirfidh athoilúint ar thuairim is 20,000 in aghaidh na bliana.
- Athfhócasú ar chonairí laistigh de BOO, ag fás thar leibhéil dul chun cinn réamh-COVID idir Leibhéal 1-6 CNC, agus ag cur suas le 25% le conairí BOO-AO mar thaca le córas treasach aontaithe.
- Deimhniú ar thras-scileanna a mhéadú agus rannpháirtíocht na bpríomh-spriocghrúpaí a leathnú faoi 10% ar a

laghad ar leibhéil réamhphaindéim, agus 10,000 áit a chur leis mar thaca leis an Straitéis Litearthachta d'Aosaigh don Saol.

- Rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a mhéadú i bhfad níos mó ná na leibhéil réamh-COVID, agus scála an tionscnaimh uasoiliúna an fhórsa saothair Scileanna le Dul ar Aghaidh a dhúbailt.
- An soláthar atá dírithe ar riachtanais scileanna rithábachtacha a leathnú tuilleadh le breis agus 15%, méadú ar Fhoirgnimh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh/soláthar iarfheistithe go breis agus 7,000 áit in aghaidh na bliana agus modúil scileanna glasa a dhaingniú trasna gach soláthair BOO.
- Mar chuid den chlár oibre foriomlán i dtaobh claochlú, chruthaigh agus sheachaid foireann anailísíochta sonraí SOLAS ardán digiteach nua bunaithe ar thorthaí chun feidhmíocht na 12 sprioc córais náisiúnta a rianú.

> Taighde

Bhí seachadadh taighde straitéisigh faisnéiseach agus tráthúil ina príomhghné chun taca a chur faoi sholáthar BOO i rith 2022. Léirigh foilsiú thuarascáil **Torthaí Cúraim Sláinte BOO**, a d'fhorbair an fhoireann Anailísíochta Sonraí, i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, tionchar chéimithe BOO san earnáil seo agus tionchar agus éifeachtúlacht chóras BOO.

Léirigh seoladh agus foilsiú thuarascáil an Aonaid Taighde Margaidh um Scileanna agus Lucht Saothair agus Gloine ar Lasadh ESMI

'An tAm ag Athrú', a scrúdaigh na patrúin atá ag teacht chun cinn i margadh saothair na hÉireann i ndiaidh thionchar na Paindéime, an nádúr dinimiciúil maidir le freagairt do thimpeallacht scileanna atá ag athrú agus atá athraithe in Éirinn. agus sainaithean ag an am céanna an cumas chun dul i mbun teagmhála le comhpháirtithe taighde straitéisigh domhanda.

Ó tharla go raibh Athbhreithniú Scileanna OECD ar Scileanna ar Éirinn ar siúl in 2022, lean an tAonad Taighde Margaidh um Scileanna agus Lucht Saothair, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Scileanna, le príomhfhóilseacháin thábhachtacha agus ghéarchúiseacha a chur ar fáil, lena n-áirítear an **Feasachán Náisiúnta Scileanna**, an tuarascáil **Monatóireacht ar Sholáthar Scileanna** in Éirinn, agus an **Suirbhé ar Phoist ar Deacair iad a Líonadh**. Le forbairt an ardáin dhigitigh Roghanna Cliste in 2021, leanamar ar aghaidh le hiniúchadh a dhéanamh ar inrochtaineacht agus solúbthacht faisnéise faoin margadh saothair agus scileanna náisiúnta chun tuilleadh eolais a dhéanamh don tírdhreach scileanna náisiúnta atá ag teacht chun cinn.

I bhfianaise na dinimice náisiúnta maidir le réimsí gairme, cé go bhféadfadh ganntanas scileanna, nó ganntanas scileanna féideartha a bheith ann, mar aon le soláthar scileanna (chomh maith le ganntanas féideartha saothair), leanann foireann RDSE ag obair as lámha a chéile leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir lena chinntiú gur féidir le BOO agus scileanna náisiúnta agus uailmhian sa todhchaí chomh heolach agus is féidir, go háirithe i bhfianaise na moltaí a eascróidh as Athbhreithniú Scileanna an OECD ar Éirinn in 2023.

Cumarsáidí

B'athrú í 2022 ón dá bhliain roimhe ré, ina raibh an timpeallacht go hiomlán fíorúil, nach mór – rud a d'fhág ní hamháin go raibh athruithe suntasacha i gceist leis an soláthar foghlama ar fud earnáil BOO, ach is amhlaidh go raibh athrú ann freisin maidir leis an mbealach ar cuireadh ar dteachtaireacht in iúl. I Ráithe 1, 2022, nuair a

cuireadh deireadh leis na srianta uile maidir le COVID-19, bhí an-fháilte roimh an bhfillleadh ar imeachtaí i bpearsan agus muid in ann féachaint ar a chéile i bpearsan ag imeachtaí móra a bhí saor ó shrianta, agus an chomhthuiscint ar fud gach discipline agus cúlra atá chomh lárnach sin do BOO agus don ghníomhaíocht phromóisin a threisióinn é.

Cé go raibh tábhacht ag baint leis an gclaoclú digiteach atá feicthe againn go léir ó 2020 i leith tábhachtach fós sna bealaí ar úsáideamar chun nascadh agus cumarsáid a dhéanamh, ba chor chun feabhais é imeachtaí promóisin a eagrú athuair agus bualadh le foghlaimoírí ionchasacha BOO agus printiseachta (agus a líonraí tacaíochta) aghaidh ar aghaidh arís.

Ina fhianaise sin, seo a leanas dhá cheann de bhuaicphointí na bliana:

> Filleadh ar imeachtaí i bpearsan

Reáchtáladh an chéad imeacht i bpearsan den bhliain i mí an Mhárta 2022 – reáchtáil SOLAS, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann, agus BOO Phort Láirge-Loch Garman an chéad Chruinniú Mullaigh um Scileanna Glasa BOO i gcomhar lena chéile i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Loch Garman. Thug an t-imeacht náisiúnta seo dearchtaí Scileanna Glasa le chéile ó thaobh an taighde, na tionsclaíochta agus sholáthar BOO de, agus d'oscail an tAire Simon Harris TD é.

I mí Mheán Fómhair 2022 tháinig imeachtaí ar mhórscaála náisiúnta dírithe ar an bhfoghlaimoír ar ais amhail imeacht lucht fágála scoile Irish Times Higher Options, Scileanna Éireann Beo atá dírithe ar Phrintiseacht, agus láithreach Rialtas na hÉireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Comhordaíodh láithreach BOO ag na himeachtaí seo i gcomhar le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus leis an Roinn. Tháinig imeachtaí eile ar ais freisin, amhail Seó na hIdirbhliana agus Seachtain Feasachta an Choláiste, chomh maith le comhdhálacha ó Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí

Tánaisteacha, ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus ó OECD, agus Gradaim Réalta AONTAS, a raibh ról ag SOLAS iontu ar fad.

Reáchtáil an Oifig Náisiúnta Printiseachta go leor imeachtaí le linn 2022 - na chéad Ghradaim Phrintiseach na Bliana, filleadh Ghradaim Phrintiseach Fostóra na Bliana i bpearsan, chomh maith le cruinnithe Comhpháirtithe Ghlúin na Printiseachta in Iarnród Éireann agus Ionad Oiliúna Bhaile Dúill, mar aon le roinnt imeachtaí de leithéid seó bóthair in áiteanna mar Phailliúin Shoirid agus Ionaid Siopadóireachta Dhún Droma. Cuireadh tús le bronnadh na dteastas printiseachta i bpearsan freisin le linn 2022.

➤ Feachtais chuimsitheacha lucht fágála scoile

Ag leanúint ar aghaidh ón mbunobair thábhachtach i dtaobh fheachtas 2021 agus naisc BOO agus printiseachtaí ar fhógra Lár-Oifig Iontrála, chomhordaigh foireann cumarsáide SOLAS feachtas leantach 2022 chun aird a tharraingt ar BOO mar rogha iar-Ardteistiméireachta do scoláirí, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do threoirchomhairleoirí ar fud na tíre. Rolladh an feachtas fógraíochta meán íochta seo amach, ar fud pointí teagmhála agus cainéil thábhachtacha amhail na meáin shóisialta, na meáin dhigiteacha, fógraíocht lasmuigh, cuardach idirlín, raidió náisiúnta agus áitiúil, na meáin chlóite, sruthú fiseáin ar éileamh, urraíocht podchraoltaí agus seirbhísí clos-sruthaithe. Beartaíodh an feachtas go straitéiseach thart ar mhórspríocanna tábhachtacha in amlíne iarratais Lár-Oifige Iontrála, ar bhonn céimnithe thar thráthanna den bhliain nuair b'ábhartha a bheadh an t-oideachas treasach. Tacaíodh leis an ngníomhaíocht íochta seo trí fheachtais caidrimh phreasa tuillte rialta agus urlabhraithe SOLAS a bheith páirteach ar chlár sna meáin.

Forbairt thábhachtach d'fheachtas margaiochta BOO in 2022 ba ea an urraíocht a rinneadh ar chlár raidió shuaitheanta Today with Claire Byrne ar RTE Raidió a hAon, a bhfuil lucht éisteachta laethúil measta de thuairim is

350,000 aige. Rinne an urraíocht seo poiblíocht ní hamháin ar thairiscint BOO do lucht fágála scoile, ach ar Scileanna le Dul ar Aghaidh, ríomhCholáiste, roghanna litearthachta d'aoisigh agus clár Scileanna Glasa, agus bhí sí ar siúl ó Mheán Fómhair 2022 go dtí Eanáir 2023.

Reáchtáil an Oifig Náisiúnta Printiseachta dhá chéim d'fheachtas fógraíochta íochta Ghlúin na Printiseachta i rith 2022, le babhta fógraíochta samhraidh agus geimhridh ann. Bhí sé seo dírithe ar phrintisigh fhéideartha agus ar fhostóirí féideartha araon, agus san áireamh leis bhí réimse leathan cainéal spriocdhírthe, lena n-áirítear urraíocht ar chlár gnó Bobby Kerr ar an stáisiún raidió náisiúnta, Newstalk.


Choinnigh cumarsáid SOLAS páirtithe leasmhara ar an eolas maidir le roinnt príomhthuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana lena n-áirítear:

- Poist ar Deacair iad a líonadh 2022
- Feasachán Scileanna Fómhair/Geimhridh 2022
- Monatóireacht ar Sholáthar Scileanna na hÉireann 2022
- Feasachán Scileanna Náisiúnta 2022
- Feasachán Scileanna Samhraidh 2022
- An tAm ag Athrú
- Feasachán Scileanna Earraigh 2022
- Torthaí Foghlama BOO – Foghlaimeoirí Cúraim Sláinte
- Torthaí Foghlama BOO – Luathfhágálaithe Scoile


Thacaigh an fhoireann cumarsáide le roinnt feachtas i rith na bliana freisin, lena n-áirítear freagairt BOO ar chogadh na hÚcráine, an Ciste Rochtana nua-ainmnithe atá á riar ag na BOOnna, feachtas náisiúnta earcaíochta do chomhordaitheoirí réigiúnacha Litearthacht d'Aosaigh don Saol agus Stiúrthóir na hOifige um Bainistíocht Clár, Scileanna le Dul ar Aghaidh agus gníomhaíocht fógraíochta ríomhCholáiste,

chomh maith le tacaíocht ar na meáin shóisialta a bhíonn ann i gcónaí do ThisIsFET agus Glúin na Printíseachta.

Ina theannta sin, lean an fhoireann cumarsáide le tacú le cumarsáid inmheánach trí roinnt tionscnamh lena n-áirítear ríomh-Nuachtlitir mhíosúil nua SOLAS "Spotlight on SOLAS" a thabhairt isteach, 12@12s, agus Bróinse agus Foghlaim.



> Anailísíocht



Coláiste na Todhchaí BOO

Ba bhliain shuntasach í 2022 maidir le hinfheistíocht chaipitiúil in Earnáil BOO agus eisíodh dhá ghlaoch mhóra ar mhaoiniú faoi Choláiste na Todhchaí BOO. An Ciste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh do thionscadail faoi €5 mhilliún agus an Ciste Mórthionscadal do thionscadail os cionn €5 milliún.

Tugadh cuireadh do gach Bord Breisoideachais agus Oiliúna suas le dhá iarratas tosaíochta a chur isteach chuig gach ciste, bhí Painéil Mheasúnaithe ar leith ann chun iarratais a mheas in aghaidh na gcrítear do gach glaoch.

Fógraíodh deich dtionscadal mhóra, ar fud líon coibhéseach BOOnna, le comhchostas tionscadail dar luach €362.5 milliún, le cur ar aghaidh trí Gheata Cinnidh o den Chód Caiteachais Phoiblí chuig Réamhchás Gnó a fhorbairt. Tacóidh foireann Choláiste na Todhchaí BOO de chuid SOLAS, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus eagraíochtaí cumasúcháin le Réamhchás Gnó a fhorbairt. Áireofar leis sin obair ar chéimniú tionscadal in aghaidh na mbuiséad caipitil atá ar fáil, ceanglais an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023 a dhaingniú, agus cuspóirí Choláiste Amach Anseo BOO a chur chun cinn, mar a shainítear in BOO Amach Anseo: Straitéis na Foghlama a Athrú ó Bhonn.

Fógraíodh trí thionscadal déag de chuid an Chiste Uasghrádaithe um Bonneagar Straitéiseach, dar luach beagnach €51 milliún ar fad iad, le dul ar aghaidh trí Gheata Cinnidh 1 den CPS chuig Foireann Dearaidh a cheapadh. Beidh rannpháirtíocht straitéiseach fhoireann Choláiste Amach Anseo SOLAS BOO le BOOnna agus a bhFoirne Dearaidh, nuair a cheapfar iad, ar siúl go leanúnach.

Tháinig fás ar fhoireann Choláiste Amach Anseo BOO le linn 2022 agus tá seachtar comhaltai foirne ann a bhfuil meascán de chumais

theicniúla, bhainistíochta agus riaracháin acu. Déanfaidh an fhoireann maoirsiú ar sheachadadh liosta gníomhach de bhreis is 140 tionscadal caipitil in imeacht sé shruth maoinithe, chomh maith le breis agus €8 milliún i ndeontais chaipitil dhéabhlóidithe do na BOOnna, le buiséad foriomlán de €60 milliún.

Litearthacht d'Aosaigh don Saol (LAS)

Seoladh an Straitéis um Litearthacht d'Aosaigh don Saol (LAS) i mí Mheán Fómhair 2021 agus leagtar amach ann straitéis uailmhianach 10 mbliana chun litearthacht d'aoisigh, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach in Éirinn a athrú ó bhonn. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis, a d'fhorbair SOLAS, deimhin a dhéanamh de go bhfuil an litearthacht, an uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach riachtanach ag gach aosach in Éirinn chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Diríodh go príomha ar chur chun cinn Straitéis LAS in 2022 maidir le bunú agus treoirthionscadail Chiste Nuálaíochta agus Comhoibrithe Straitéis LAS. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí bhí:

- An chéad chruinniú de Ghrúpa Forfheidhmithe Tras-Rialtais LAS faoi chathaoirleacht an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, in Eanáir 2022. Tionóladh an dara cruinniú den Ghrúpa Forfheidhmithe i mí Iúil 2022.
- Leithdháileadh €3 mhilliún i gCáinainéis 2022 chun Oifig Cláir Náisiúnta agus Comhordaitheoirí Litearthachta Réigiúnacha a bhunú.
- Comhaontú ar an struchtúr maidir le Oifig na gClár Náisiúnta chun stiúrthóir agus ceannairí earnála ar iasacht ó Oideachas (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann), For-rochtain agus Forbairt (an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta

d'Aosaigh), an Roinn Sláinte an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a chur san áireamh.

- Earcú Stiúrthóir Oifig Náisiúnta na gClár agus 16 Chomhordaitheoir Litearthachta Réigiúnacha, le ceapacháin Stiúrthóra agus 12 Chomhordaitheoir Litearthachta Réigiúnacha faoi dheireadh na bliana.
- Cuireadh maoiniú dar luach €5.5 milliún ar fáil do sholáthróirí oideachais phobail trí Chiste Rochtana (ar a dtugtaí an Cisteum Mhibhuntaíste Oideachais a Mhaolú roimhe seo) chun tacú le foghlaimeoirí aosacha a bhféadfadh bacainní a bheith orthu roimh rannpháirtíocht san oideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsoil a rochtain, mar thoradh ar riachtanais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digiti i measc nithe eile.
- Clár píolótach rathúil maidir le Ciste Nuálaíochta agus Comhoibrithe Straitéis LAS, rud a d'fhág gur dáileadh €100,000+. Seachadadh naoi dtionscadal, ó cheardlanna litearthachta digiti; acmhainní litearthachta do leabharlanna; tobcheardlanna digiteacha; trealamh (lena n-áirítear cluasáin réaltachta fíorúla); cúrsa litearthachta airgeadais i gcomhar le Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid áitiúil; cúrsa litearthachta sláinte i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt áitiúil, agus, le haghaidh tuismitheoirí, i gcomhar le TUSLA; pacáistí promóisin do LAS a dáileadh ar ghníomhaireachtaí áitiúla; agus leabhair teagaisc agus leabhair teagaisc agus foghlama litearthachta a dháil an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh.
- Leasaíodh paraiméadair agus ceanglais mhaoinithe an BOO chun tagairt shoiléir a dhéanamh do ghnáth-theanga ó thaobh na cumarsáide de.

- Tá Straitéis LAS san áireamh anois mar mhír ar leith i gComhaontú um Fheidhmíocht Straitéiseach de gach ceann de na 16 BOO.

Bhain breis agus 70,000 foghlaimeoir uathúla úsáid as soláthar a bhain le Litearthacht d'Aosaigh don Saol ar fud líonra na mBOOanna agus grúpaí arna maoiniú ag SOLAS in 2022.

Printíseacht

Tá freagracht reachtúil ar SOLAS as printíseachtaí in Éirinn agus, tríd an Oifig Náisiúnta Printíseachta nua, leanann SOLAS ar aghaidh le cur go mór le fás agus leathnú an chórais náisiúnta printíseachta.

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta Printíseachta i mí Eanáir 2022 i gcomhpháirtíocht leis an Udarás um Ard-Oideachas. Tá an Oifig ar cheann de na struchtúir nua atá i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm an *Phlean Gníomhaíochta do Phrintíseacht náisiúnta 2021-2025* a bhrú ar aghaidh.

Bunaíodh 'Comhghuaillíocht Náisiúnta Printíseachta' nua freisin in 2022. Glacann sé ionad na Comhairle Printíseachta a thug comhairle maidir le leathnú an chórais printíseachta ó 2014-2021. Áirítear ar an gComhghuaillíocht ar a raibh 23 ball comhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann príomhpháirtithe leasmhara printíseachta. Cuireann sé comhairle ar an Oifig Náisiúnta Printíseachta maidir le cur i bhfeidhm an *Phlean Gníomhaíochta 2021-2025*.

Dála soláthair oideachais agus oiliúna eile, cuireadh deireadh leis na srianta ar oiliúint phrintíseachta a bhí i bhfeidhm de bharr phaindéim COVID-19 in 2022.

Seoladh ceithre phrintíseacht nua i rith na bliana, lena n-áirítear an chéad phrintíseacht 'scileanna glasa' do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe. Faoi dheireadh na bliana 2022 bhí 66 printíseacht náisiúnta i gceist, agus breis agus 20 eile ar na bacáin.

> 2022 in uimhreacha


Bhí líon na bprintiseach a chláraigh in 2022 beagnach chomh hard le 2021, an bhliain ba mó riamh. Bhí 8,326 clárúchán ann in 2022 i gcomparáid le 8,607 in 2021.

Tháinig méadú freisin ar líon na bhfostóirí printiseachta a fhostaíonn printisigh go

gníomhach in 2022, go 8,934, méadú ó 8,401 in 2021.

Ar an iomlán, tháinig méadú suntasach ar líon na bprintiseach in 2022 – ba é líon iomlán na bprintiseach ag deireadh na bliana ná 26,325, méadú ó 24,209 in 2021.

*Le haghaidh faisnéis ar gach cúrsa printiseachta atá ar fáil agus sonraí gaolmhara, féach Aguisíní



> Gníomhaíochtaí na hOifige Náisiúnta Printiseachta in 2022

Bhí 2022 gnóthach don Oifig Náisiúnta Printiseachta, ina bliain tosaithe. Bunaíodh foireann bheag aistrithe agus baineadh príomhspríocanna an phlean gnó amach, lena n-áirítear deontas fostóra nua a thabhairt isteach, sparánacht inscne nuashonraithe d'fhostóirí; bunú na Comhghuaillíochta Náisiúnta Printiseachta; seoladh clár printiseachta nua;

comhdhlúthú agus cur chun cinn straitéiseach Ghlúin na Printiseachta, agus an céad imeacht náisiúnta maidir le gradaim Phrintiseach na Bliana riamh.

Ina theannta sin, bhí rannpháirtíocht shuntasach ann le cuibhreannais printiseachta agus le príomhpháirtithe leasmhara eile in 2022.

D'fhoilsigh an Oifig Náisiúnta Printiseachta a céad tuarascáil bhliantúil don bhliain, mar aon le breac-chuntas ar na pleananna don bhliain 2023. Tá an tuarascáil ar fáil [anseo](#).

Cáilíocht Foirgníochta agus Scileanna Glasa

Tá an fhoireann Foirgníochta, Cáilíochta, Scileanna Glasa freagrach as raon leathan cláir náisiúnta a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm ar fud na Foirgníochta, Tithíocht do Chách agus Ghníomhú ar son na hAeráide.

In 2022, d'eisigh SOLAS 125,121 cárta Pas Sábháilte nua, méadú 36% ar 2021. In 2022 freisin, chuir SOLAS tús leis an obair ullmhúcháin chun córas malartach athnuachana Pas Sábháilte a thabhairt isteach. Ó 2023 ar aghaidh, féadfaidh siad siúd atá ag iarraidh a bPas Sábháilte a athnuachan é sin a dhéanamh trí mheasúnú ar líne a dhéanamh. Sheol an tAire Simon Harris TD an córas nua go hoifigiúil i mí na Nollag 2022.

I rith 2022 sheachaid líonra soláthraithe SOLAS 3,600 imeacht oiliúna agus measúnaithe de chuid Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta agus Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéal agus dáileadh 21,317 cárta de chuid Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta agus Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéal, ar chártaí nua 10,877 díobh, ba chártaí athnuachana 9,520 acu agus ba chártaí athsholáthair 920 acu.

Chun tacú leis an gclár Tithíocht do Chách, tá SOLAS i mbun bainistíocht tionscadail chun an chéad Pháirc Foirgníochta um Modhanna Nua-Aimseartha in Éirinn a bhunú i nDroim Cáithe.

Ina theannta sin, tá SOLAS i mbun bunú sé Fhoirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a mhaoirsiú in BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, BOO Chorcaí, BOO Laoise Uíbh Fhailí, BOO Luimnigh agus an Chláir, BOO Mhaigh Eo Shligigh Liatroma, agus BOO Phort Láirge Loch Garman.

Le linn 2022, d'fhorbair SOLAS na Scileanna Glasa do **Threochlár BOO 2021-2030** a chuimsíonn cuid de na príomhréimsí don earnáil BOO maidir leis an aistriú chuig geilleagar glas agus a fhreagraíonn do threoracha éagsúla an AE agus do threoracha náisiúnta. Soláthraíonn an Margadh Glas Eorpach 2019 agus Dearbhú Osnabrück maidir le Gairmoideachas agus

Gairmoiliúint 2020 an comhthéacs i dtaca leis na dúshlán aeráide agus chomhshaoil agus leagtar amach freagraí a bhaineann go sonrach leis an earnáil BOO, agus tá sainorduithe náisiúnta maidir le scileanna glasa san áireamh i Scileanna do Neodracht Carbóin 2021, Tithíocht do Chách 2021, Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí 2021-2025, Clár an Rialtais 2020, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, agus Poist Amach Anseo Éireann 2019.

Faoi na ceannteidil Scileanna Glasa don Saol, Scileanna Glasa don Fhoirgníocht agus Scileanna Glasa do Ghairmeacha, freagraíonn Scileanna Glasa don BOO 2021-2030 do na sainorduithe seo ar feadh a saolré agus leagann sé síos treo straitéiseach do thionscnaimh scileanna glasa ar fud earnáil BOO na hÉireann ina gclúdaítear printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, forbairt ghairmiúil, deiseanna athoiliúna, agus cláir foirgníochta.

Fiontar, Fostaithe & Scileanna

> Scileanna le Dul ar Aghaidh

Le ceithre bliana anuas, chruthaigh agus sholáthair Scileanna le Dul ar Aghaidh deiseanna solúbtha uasoiliúna d'ardchaighdeán do bhreis agus 40,000 fostaí i bhfórsa saothair na hÉireann, atá dírithe ar scileanna daoine fostaithe a fhorbairt. Diríonn sé orthu siúd a bhfuil leibhéal scileanna níos ísle acu, in earnálacha leochaileacha, daoine a bhfuil níos mó deiseanna de dhíth orthu chun a ngairmeacha beatha a chur chun cinn, chun a bhfostaíocht a choinneáil, chun díláithriú a sheachaint nó chun leas a bhaint as deiseanna fostaíochta atá ag teacht chun cinn. Tacaíonn sé le fontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bhfuil cúnaimh de dhíth orthu chun a bhfórsa saothair a fhorbairt agus rolladh amach é leis na BOOna ar fud na tíre.

Cuireadh uasoiliúint ar bhreis agus 15,500 fostaí in 2022 agus mhéadaigh Scileanna le Dul ar Aghaidh a raon chuig níos mó fostóirí ach breis agus 2,000 clár uasoiliúna a sholáthar.

Tarraingíonn an beartas seo ar fhís den ionad oibre in Éirinn ina mbreathnaítear ar uasoiliúint le linn do shaoil oibre mar ghnáthchleachtas agus tá dlúthcheangal aige le slándáil poist fheabhsaithe, tuilleamh níos airde, agus neamhspleáchas ag an obair d'fhostaithe. Baineann gnólachtaí, idir bheag agus mhór, tairbhe as táirgiúlacht agus iomaíochas a bhfostaithe, an gheilleagair agus earnáil na tionsclaíochta dá bharr.

Leanadh den athrú a tháinig ar struchtúr fhórsa saothair na hÉireann le linn 2022 i dtimpeallacht ghnó a éilíonn fórsa saothair atá an-solúbtha. Chun a chinntiú gur féidir le hoibrithe an tsolúbthacht seo a bhaint amach, tá gá le huasoiliúint agus athoiliúint leanúnach, ní hamháin chun a gcuid cúraimí reatha a chomhlíonadh, ach chun tabhairt faoi dhúshláin oibre agus deiseanna nua chun poist a chothú agus chun gnó a fhás.

Chun a chinntiú go bhfuil deiseanna solúbtha, ábhartha uas-scilithe ar fáil don fhórsa saothair trí Scileanna le Dul ar Aghaidh, treoraíonn SOLAS comhoibriú leis na Boird Oideachais agus Oiliúna, comhlachtaí fostóirí agus príomhpháirtithe leasmhara chun tionscnaimh spriocdhírithé réigiúnacha agus earnála a dhearadh, a fhorbairt agus a chraobhscaoileadh. Áirítear ar na tionscnaimh sin Ceannaireacht agus Bainistíocht, Ceannairí a Fhorbairt le haghaidh Fáilteachais agus Turasoireachta, agus sraith micreacháilíochtaí nua i Scileanna Glasa, Scileanna Digiteacha don Ghnó, Feirmeoireacht Uisce, Róbataic, Nuálaíocht Gnó agus Forbairt Margaidh. Chun rochtain ar oiliúint a mhéadú, cuirtear cúrsaí ar fáil i bpearsan agus tríd an bhfoghlaim cumaisc.

> ríomhCholáiste

Is seirbhís foghlama ar líne é ríomhCholáiste i gcomhair BOO a chuireann raon cúrsaí ar fáil i scileanna digiteacha agus gnó. Tá cúrsaí ríomhCholáiste ar fáil ar bhonn iontógáil leanúnach, gan aon liostaí feithimh agus bíonn amanna solúbtha ann lena gcur i gcrích. Lean ar ríomhCholáiste aghaidh le seirbhísí foghlama ar

líne saor in aisce a chur ar fáil chun cabhrú leo siúd a raibh tionchar ag Covid-19 orthu in 2022, beart a rinneadh den chéad uair in 2020.

Feidhmíonn cúrsaí ríomhCholáiste ar bhonn iontógáil leanúnach, is cúrsaí páirtaimseartha iad, agus bíonn cáilíochtaí aitheanta ag earnáil na tionsclaíochta ar a gcriche. Chláraigh breis agus 20,000 duine ar an tseirbhís le linn 2022.

Ar na príomhréimsí spéise bhí scileanna digiteacha, bainistíocht tionscadail, agus scileanna gnó. In 2022 tháinig laghdú ar an éileamh méadaithe a bhí ann le linn 2020 agus 2021, ach leanadh den phatrún leanúnach maidir le héileamh méadaithe i gcomparáid leis na leibhéil réamhphaindéime. Mar a tugadh faoi deara in 2020 agus 2021, tá tuairim is leath díobh siúd a chláraíonn ar chúrsaí ríomhCholáiste i bhfostaíocht. Léiríonn na treochtaí seo go n-aithníonn foghlaimeoirí an fhoghlaim ar líne mar mheán inmharthana maidir le forbairt ghairme agus le foghlaim don saol.

> Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

Chuir an fhoireann tacaíochta de chuid Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta i SOLAS tacaíocht leanúnach ar fáil do na BOOna in 2022 chun cleachtas foghlama feabhsaithe teicneolaíochta a chomhtháthú, tugadh tacaíocht go háirithe do bhonneagar Moodle BOO. Agus an earnáil ag tairiscint cúrsaí ar líne agus foghlama cumaisc go fóill de bharr Covid-19, diríodh ar a chinntiú gur cuireadh barr feabhais ar bhonneagar Moodle a úsáidtear ar fud BOO chun freastal ar an éileamh.

Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí

Oibríonn Foireann Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí SOLAS lena chinntiú go dtugtar tacaíocht d'fhoghlaimeoirí BOO ar bhealach comhsheasmhach, le cur chuige i dtaobh dearadh uilíoch mar bhonn faoi fhorbairt agus seachadadh foghlama. Oibríonn an fhoireann le comhghleacaithe ar fud SOLAS agus le

comhpháirtithe eárnála chun a chinntiú go ndéanann BOO teagmháil agus go dtacaíonn sé leis na grúpaí is leochailí sa tsochaí.

> Tacú le Cohóirt Tosaíochta in BOO

BOO Amach Anseo: Cuireann an Fhoghlaim a Athrú ó Bhonn béim ar chuimsiú, ar scileanna agus ar chonairí do gach foghlaimeoir. Chun na haidhmeanna seo a bhaint amach ar bhealach níos fearr, tá Tacaíochtaí Comhsheasmhacha d'Fhoghlaimeoirí daingnithe anois ar fud an Bhreisoideachais agus na hOiliúna trí Chomhaontuithe um Fheidhmíocht Straitéiseach i leith na Foghlama a Athrú ó Bhonn 2022 - 2024.

Tacaíonn an Fhoireann Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí le hearnáil BOO chun riachtanais na gcohórt tosaíochta a mheas mar atá sonraithe i gcuid 6.3 de BOO Amach Anseo: Foghlaim a Athrú ó Bhonn. Tá ceanglas ar BOOnna de réir paraiméadair mhaoinithe comhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla, lena n-áirítear an RCS maidir le soláthar do ghrúpaí ar an imeall.

Le linn 2022, forbraíodh páipéar seasaimh agus treoirleabhar a thacaigh le Tacaíochtaí Comhsheasmhacha d'Fhoghlaimeoirí. Is céim thábhachtach í seo chun BOO Amach Anseo a bhaint amach: Cuspóirí na Foghlama a athrú ó bhonn chun tacaíocht foghlaimeora níos comhsheasmhaí a sholáthar ar fud BOO, beag beann ar shuíomh nó ar chineál chlár BOO.

> Dearadh Uilíoch do BOO

Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh maidir le Prionsabail um Dhearadh Uilíoch don Foghlaim a dhaingniú in Earnáil BOO, i ndiaidh fhoilsiú ['Dearadh Uilíoch don Foghlaim do Threoir Chleachtóirí BOO maidir le Dearadh Uilíoch don Foghlaim a chur i bhfeidhm i mBreisoideachas agus Oiliúint na hÉireann'](#). Cuidíonn sé seo le tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí breisoideachais agus oiliúna chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht i gcohóirt foghlaimeoirí agus chun bacainní ar foghlaim

a laghdú trí sholúbthacht, inrochtaineacht, guth agus rogha an foghlaimeora a fhi isteach i bhfabraic eispéiris foghlama BOO. Tá raon deiseanna forbartha gairmiúla cuí ar fáil do chleachtóirí, trí Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann, agus trí chláir mar an Suaitheantas um Dhearadh Uilíoch don Foghlaim (AHEAD/an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama).

> Treoirínte Dea-Chleachtais don Earnáil

D'oibrigh Foireann Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí SOLAS le comhghleacaithe agus le comhpháirtithe eárnála chun raon acmhainní a fhorbairt d'fhonn cabhrú leis an earnáil BOO timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha a fhorbairt agus a chaomhnú. Tá sraith treoirínte dea-chleachtais, uirlisí agus tuarascálacha ag BOOnna anois a chuireann aithne ar BOO Amach Anseo chun cinn: Foghlaim a Athrú ó Bhonn agus Litearthacht d'Aosaigh don Saol

Tá sraith iomlán acmhainní ar mheasúnú tosaigh agus leanúnach ar inniúlacht sa litearthacht, san uimhearthacht agus i dteanga an Bhéarla ar fáil anois i ngach Bord Oideachais agus Oiliúna. Tá treoirínte agus sraith straitéisí agus tuarascálacha ar fáil freisin maidir le Foghlaim Teaghlach, Dearadh Uilíoch don Foghlaim agus Cuimsiú Foghlaimeoirí faoi Mhíchumas Intleachta, Uimhearthacht agus rannpháirtíocht foghlama. Ar an iomlán, táthar ag baint úsáid as breis agus 20 acmhainn ar fud na mBOOnna agus tá siad daingnithe trí na Comhaontuithe um Fheidhmíocht Straitéiseach agus trí pharaiméadair agus riachtanais leithdháilte maoinithe BOO.

> Tuarascáil ar Chaipiteal Daonna

Cad is Caipiteal Daonna ann?

Is éard is caipiteal daonna ann iomlán an eolais, na scileanna, na taithí agus na goáilíochtaí sóisialta a chuireann ar chumas duine obair a dhéanamh ar mhodh a tháirgeann luach eacnamaíoch. Léirítear i dtaighde go mbaineann eagraíochtaí tairbhe as agus go bhfásann siad as cuimse nuair a dhéantar infheistíocht i gcaipiteal daonna daoine. Féachtar anois ar chaipiteal daonna mar ghné bhreise de Bhainistíocht Acmhainní Daonna.



Tá Foireann na nDaoine i mbun an uailmhian a chur i gcrích maidir le bheith ar cheann de na Rannóga AD Straitéiseacha is nuálaí sa tSeirbhís Phoiblí trí infheistíocht a dhéanamh ina ndaoine agus trí ghníomhaíochtaí comhaontaithe a leagtar amach i Straitéis Daoine SOLAS 2020-2024 agus i bPlean Gnó Tras-Eagraíochta SOLAS do 2022. Buaicphointí Foireann na nDaoine do 2022 a chur i bhfeidhm.

Buaicphointí Foireann na nDaoine don bhliain 2022

82 Feachtais Earcaíochta in 2022, méadú ar 4 fheachtas bliain ar bhliain, (gan gníomhaíocht Oifig Náisiúnta Printiseachta san áireamh) lena n-áirítear iontrálaithe nua, ceapacháin gníomhachacha, arduithe céime, aistriúcháin agus iasachtaí oibríthe. Ina theannta sin bhain 4 duine úsáid as an mbeartas soghluaisteachta, próiseáladh 15 iarratas ar dhul ar scor/sos gairme, 5 iasacht oibríthe isteach/oibríthe seachtracha agus 9 iarratas ar dhul ar scor.

100% Ghlac 100% den Fhoireann Ceannaireachta Shinsearaí páirt go gníomhach agus go barántúil i bpleanáil comharbais, rud atá ina cheanglas eagraíochtúil bunaithe.

85% 85% de na foirne eagraíochtúla ag gníomhú ar phleananna gníomhaíochta Shuirbhé Rannpháirtíochta SOLAS 2022. Ina theannta sin, d'iarr 2 Stiúrthóirí tacaíochtaí breise chun a gcuid torthaí a fheabhsú go gníomhach.

63% Méadú 63% ar riachtanais shonracha Foghlama & Forbartha ag leibhéal foirne, ag leibhéal Rannáin agus ag leibhéal an Bhoird le linn 2021.

Na príomhréimsí fócais d'Foireann na nDaoine in 2022

- 1 Pleanáil & Solúbthacht Fórsa Saothair**
- 2 Ag cur béim ar SOLAS mar Eagraíocht Foghlama**



Feidhmíocht Fhoireann na nDaoine Freagrachtaí Breise do Chóras BOO

"Ag Obair go Cliste" bunú Lár-Oifig na hOifige Náisiúnta Printiseachta, Oifig an Chláir um Lítearthacht d'Aosaigh don Saol, Coláiste na Todhchaí BOO, tacaíocht Debenham & Scileanna Glasa.

I bhfianaise na bhfreagrachtaí breise a sainithníodh do SOLAS, chuir Foireann na nDaoine tús lena turas chun tacú le cruthú foirne nua, struchtúir nua, agus earcú daoine nua don eagraíocht.

Áiríodh le cur chuige na foirne iomláin tacaíocht do shonraíochtaí feidhmiúla, dul i mbun bainisteoir a fhostú, tacaíocht earcaíochta, roghnúchán, forbairt conartha, iasacht oibríthe/forfheidhmiú beartais soghluaisteachta, próisis agus tacaíochtaí ionductúcháin, deiseanna Foghlama & Forbartha, tacaíocht áiseanna agus iad a thabhairt isteach agus a chuimsiú maidir leis na cleachtais oibre, luachanna agus ionchais in SOLAS.

Todhchaí na hOibre in SOLAS a phleanáil

In 2022, forbraíodh Beartas Oibre Cumaisc SOLAS do gach foireann in SOLAS, agus cuireadh i bhfeidhm é in 2023, i ndiaidh gur tugadh an fhoireann isteach go rathúil chuig an ionad oibre.



Ionduchtúchán/Dul ar Scor (lena n-áirítear Pinsin)

De réir mar a leanaimid ar aghaidh ag fás mar eagraíocht, tá ár gcleachtais á sruthlínú go gníomhach againn, lena n-áirítear ár bPróisis Ionduchtúcháin & Dul ar Scor (pinsin) in SOLAS.

1,487 Pinsinéirí faoi SOLAS, a bhfuil raon tacaíochtaí casta de dhíth orthu (m.sh. méaduithe/pinsinéirí nua).

275 Fiosrú aonair a próiseáladh, a bhfuil cúram agus aire aonair de dhíth orthu, i bhfianaise a chasta agus atá na cásanna.

32 32 iontráil nua a bhfuil an próiseas iomlán dul ar scor i gceist leo. Gan gluaiseachtaí inmheánacha san áireamh, a éilíonn tacaíochtaí breise.

12 9 bpinsinéirí nua in 2022 (móide 3 le cur siar). Faraor d'ímigh 63 pinsinéir uainn agus phróiseáladar 27 pinsean do chéilí.

Colúin Straitéiseacha **Straitéis i leith Daoine**

Colún Straitéiseach 1: Ag cur feabhas ar an Obair	Colún Straitéiseach 2: Timpeallacht a chruthú chun go dtiocfaidh tallann faoi bhláth	Colún Straitéiseach 3: Cultúr barr feabhais a fhorbairt a dhaingníonn bród as SOLAS
--	---	--

Príomhréimsí Fócais

<ul style="list-style-type: none"> - Rannpháirtíocht a Threisiú - Folláine a Chur Chun Cinn - Rogha Fostóir 	<ul style="list-style-type: none"> - Daoine a fhorbairt - Tacú le feidhmíocht - Tá rath ar an rath 	<ul style="list-style-type: none"> - Athrú a Cheiliúradh - Sáreispéireas Fostaithe - Éagsúlacht & Ionchuimsiú
<ul style="list-style-type: none"> - Creat Beartas & Nósanna Imeachta - Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe SOLAS - Straitéisí Folláine SOLAS - Freagracht Shóisialta Chorporáideach - Feabhsú Earcaíochta & Roghnúcháin 	<ul style="list-style-type: none"> - Próiseas Feidhmíochta & Forbartha - Acadamh d'Fhoghlaimoírí SOLAS: Straitéis Foghlama & Forbartha - Samhail Traenála SOLAS - Córas Bainistíochta Foghlama - Feabhsú Pleanála i dtaobh Comharbais (Bainistíocht Tallainne) 	<ul style="list-style-type: none"> - Ceanglais i dtaobh Dualgais Earnála Poiblí - Cur Chuige atá Treoraithe ag Luachanna - Straitéis Éagsúlachta & Ionchuimsiúcháin - Creat Bainistíochta i dtaobh Athruithe

Príomhcholúin Chumasúcháin: Forbairt chun Ceannaireacht a Thabhairt

Príomhréimsí Fócais

<ul style="list-style-type: none"> - Athnuachan Struchtúir - Ceannairí a dhéanann athruithe chun feabhais 	<ul style="list-style-type: none"> - Sárbhainisteoirí Daoine - Acmhainní Daonna Straitéiseach - Comhpháirtíocht le haghaidh feidhmíochta
<ul style="list-style-type: none"> - Athstruchtúirú/Athnuachan Eagrúcháin Gnó Straitéisigh (Plean Fórsa Saothair) - Córas Tacaíochta i dtaobh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach sheachtrach - Creat-tacaíocht don Fhoireann Sheachtrach - Struchtúr Fhoireann na nDaoine 	<ul style="list-style-type: none"> - Bealaí Oibre i leith Struchtúr Comhpháirtíochta - Clár Forbartha um Cheannaireacht na mBan - Siorfheabhsú - Tomhas & Measúnú

Freagracht Shóisialta Chorporáideach

Féachann SOLAS, trína Ráiteas Freagrachta Sóisialta Chorporáidí, lena oibleagáidí reachtúla, eiticiúla agus sóisialta go léir a chomhlíonadh. Tugann Bord agus Foireann Ceannaireachta Sinsearaí SOLAS tacaíocht dár ráiteas, a ghníomhaíochtaí agus a thionscnaimh. Trínár bhFreagracht Shóisialta Chorporáideach, táimid ag iarraidh páirt dhearfach a ghlacadh i mbaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chun a chinntiú go bhfágaimid sochaí níos fearr agus pláinéad níos inbhuanaithe inár ndiaidh amach anseo.

Seo a leanas roinnt dár mbuaicphointí le haghaidh 2022:

Ár n-ionad oibre

Samhail Folláine níos láidre a fhorbairt ina gcinntítear go bhfuilimid dírithe ar shláinte mheabhrach, fhisiciúil, chomhshaoil, agus airgeadais.

Ár bpobal


Comhpháirtíocht le Cuibhreannais Lár na Cathrach Thoir Thuaidh, chun nascadh go díreach lenár scoileanna comharsanachta agus lenár dtionscadail óige. Rinneamar ionchuir maidir le printíseacht, trealamh athchúrsáilte in Ionad an Chabháin, agus d'oibrigh an fhoireann go deonach ar 'ghairdín sióg' ar áitreabh Ionad an Chabháin.


Ár bpláinéad

Agus muid ag feidhmiú faoi threoír Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, d'fhorbraiomar Sraith Inbhuanaitheachta SOLAS. Rinneadh é seo i gcomhar le An Post agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Foras na Mara, Teagasc, an Comhaontas um Dhíothú Dramhaíola Éireann, agus Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann agus bhí cúig sheimineár gréasáin i gceist leis:

- Iompar (An Post agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)
- Muir agus Cósta (Foras na Mara)
- Bia Inbhuanaithe (Teagasc)
- Dramhaíl agus Uisce (An Comhaontas um Dhíothú Dramhaíola Éireann)
- Bithéagsúlacht (Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann).

Don bhliain 2023, tá sé de chuspóir againn athbhreithniú a dhéanamh ar ár Ráiteas Freagrachta Sóisialta Chorporáidí chun a chinntiú go bhfuil ceannaireacht, comhlíontacht agus á léiriú againn mar chomhlacht earnála poiblí agus go bhfuil comhlucht á chruthú againn maidir lenár gcomhoibriú le gach páirtí leasmhar.





Rialachas Corparáideach

> Sainordú Reachtaíochta

Bunaíodh SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) – an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna ar an 27 Deireadh Fómhair 2013 faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, tá feidhmeanna ginearálta de chuid SOLAS sainithe mar seo a leanas:

- (a) straitéis maidir le soláthar BOO a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.
- (b) tuiscint ar luach BOO a chur chun cinn.
- (c) dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le fostóirí ó am go ham ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir le cé hiad na cláir bhreisoideachais agus oiliúna nó cé hiad na haicmí de na cláir BOO ar cheart don tSeirbhís airgead a thabhairt ar airleacan dóibh.
- (d) réamhíocaíocht a dhéanamh ar airgead leis na Boird Bhreisoideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir BOO a sholáthar.
- (e) oiliúint agus athoiliúint le haghaidh fostaíochta a sholáthar, nó socrú a dhéanamh chun an oiliúint sin a sholáthar agus cabhair is comhordú a dhéanamh ar oiliúint den sórt sin a sholáthar trí bhithin daoine nach den tSeirbhís iad.
- (f) measúnú a dhéanamh ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir BOO a sholáthar, agus a bhfuil airgead tugtha ar airleacan dóibh, le fáil amach an dtéann nó nach dtéann siad i mbun an chúraim seo ar bhealach eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.
- (g) socrúchán daoine de cibé aicme nó aicmí daoine a d'fhéadfadh a bheith luaite go sonrach ag an Aire Coimirce Sóisialaí tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú, i gcomhthéacs cláir BOO a mhaoinítear, go hiomlán nó go páirteach, as airgead poiblí.
- (h) comhoibriú a chothú idir Boird Bhreisoideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir BOO a sholáthar.
- (i) comhionannas deiseanna a chur chun cinn i dtaca le BOO a sholáthar.
- (j) cláir BOO nua agus cláir atá ann cheana a fhorbairt agus a éascú, lena n-áirítear córais a bhunú atá deartha chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an oideachais agus na hoiliúna atá i gceist lena chinntiú go bhfuil na cláir sin oiriúnach dá bhfeidhm.
- (k) oiliúint a chur ar fáil, nó cabhrú le hoiliúint a chur ar fáil, oiliúint do dhaoine a bhfuil sé de chúram orthu cláir BOO a sheachadadh a bhfuil airgead faighte ón tSeirbhís acu ina leith faoi roinn 21.
- (l) taighde a dhéanamh, nó a fhéachaint chuige go ndéanfar taighde maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse; agus
- (m) comhairle a thabhairt don Aire maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse.

I dteannta a chroí-fheidhmeanna mar atá sainithe faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, tá SOLAS freagrach freisin as Printiseacht agus cláir a bhaineann le foirgníocht, i.e. Pas Sábháilte, Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta agus Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéal agus ríomhCholáiste.

> Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tháinig Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a ghlac ionad chód 2009, i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Tá glactha leis ag SOLAS agus tá próisis bunaithe lena chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh ag gach gné d'oibríochtaí SOLAS.

> Comhaontú Soláthair Feidhmíochta

Tá comhaontú seachadta feidhmíochta bliantúil ag SOLAS leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a leagann amach: ról agus feidhmeanna na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus SOLAS faoi seach maidir le breisoideachas agus oiliúint; ceangaltais seirbhíse; rialachas corparáideach agus creat cuntasachta airgeadais; agus socrúithe monatóireachta agus tuairiscithe.

> Sláinte agus Sábháilteacht Chorparáideach

Comhlíonann SOLAS a fhreagrachtaí reachtúla faoin Acht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005 agus gach rialachán faoin Acht seo. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil dár bhfoireann agus cliaint ar fad agus ár bhfreagrachtaí i leith daoine eile a chomhlíonadh, lena n-áirítear baill den phobal a bhféadfadh tionchar a bheith ag ár n-oibríochtaí orthu. Comhordaíonn agus cinntíonn foireann bainistíochta SOLAS comhlíonadh lena Ráiteas Beartais Sábháilteachta trí chur chun feidhme an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Mar fhreagra ar phaindéim dhomhanda COVID-19 d'fhorbair SOLAS plean cuimsitheach agus chuir sé chun feidhme é chun beartais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an bhfoireann agus le cliaint.

Chuimsigh sé seo obair chianda a éascú agus bearta sábháilteachta ábhartha san ionad oibre. Chomhlíon sé seo an dea-chleachtas de réir Bheartas agus Nósanna Imeachta um Oibriú Sábháilte an rialtais agus treoirilinte an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

> Riosca

Tá SOLAS, trína Bheartas Bainistíochta Riosca, tiomanta do chur chun feidhme creat comhtháite, éifeachtach, agus éifeachtúil chun riosca a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé cur chuige réamhghníomhach agus struchtúrtha chun na rioscaí a bhfuil ar an eagraíocht déileáil leo a shainaithint, a bhainistiú agus a thuairisciú. I ndeireadh na dála, tá Bord SOLAS freagrach as bainistíocht riosca faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá údarás tarmhligthe ag an mBord don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i dtaca le monatóireacht, athbhreithniú, ceistiú agus maoirseacht Chreat agus Phróiseas an Bhainistíochta Riosca. Tá rioscaí suntasacha sainaitheanta don eagraíocht doiciméadaithe i gClár Rioscaí Chorparáidigh SOLAS agus mar chuid den Phróiseas Bainistíochta Riosca, déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Chorparáidigh trí huair sa bhliain, agus cuirtear faoi bhráid an Bhoird é lena athbhreithniú uair amháin sa bhliain ar a laghad.

> Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988, 2003 agus 2018/an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá Achtanna um Chosaint Sonraí deartha chun cearta agus cosaintí a thabhairt do dhaoine maidir le próiseáil a sonraí pearsanta. Soláthraíonn na hAchtanna an ceart do dhaoine aonair cóip a fháil de na sonraí pearsanta go léir a bhaineann leo atá i seilbh an Rialaitheora Sonraí.

Is Rialaitheoir Sonraí ainmnithe é SOLAS agus cloíonn sé go hiomlán leis an reachtaíocht. Tá SOLAS tiomanta do phróiseáil Dhleathach, Chothrom agus Thrédhearcach Shonraí Pearsanta Ábhar Sonraí trí úsáid a bhaint as bearta oiriúnacha teicniúla agus eagraíochtúla. Déanfaidh SOLAS gach céim réasúnach chun Sonraí Pearsanta Ábhar Sonraí a shlánú agus a chosaint le linn dó an Dlí Cosanta Sonraí a chomhlíonadh. I measc na gcéimeanna a glacadh chun sonraí pearsanta na nÁbhar Sonraí a shlánú áirítear ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí; oiliúint foirne a sholáthar maidir le cosaint sonraí; fógraí príobháideachta a ullmhú; conarthaí próiseála tríú páirtí agus comhaontuithe neamhnocta i leith gníomhaíochtaí SOLAS; ullmhú beartas agus nósanna imeachta Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí lena n-áirítear Fógra um Chosaint Sonraí; Beartas i dtaobh Cosaint Sonraí; Fógra Príobháideachta Poiblí; Nósanna imeachta um Chosaint Sonraí Ábhar Sonraí agus forbairt agus forfheidhmiú chlár comhlíontach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

> Acht um Nochtadh Cosanta 2014

In 2022, níor ardaíodh aon ní nua faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

> Ráitis Beartais ar Éifeachtúlacht Fuinnimh agus ar an gComhshaol

Il mí an Mheithimh 2001, d'eisigh an Rialtas meabhrán a chuir mar cheangal ar gach Gníomhaireacht Stáit a choimre a thabhairt, ina dTuarascáil Bhliantúil, ar na bearta atá idir lámha acu d'fhonn úsáid fuinnimh a laghdú, áit a bhfuil siad freagrach as áitreabh nua nó a bhfuil athchóiriú mór déanta ar fhoirgnimh agus d/nó i bhfoirgnimh a bhfuil siad lonnaithe ann. Faoin Ionstraim Reachtúil (IR) 542 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht fuinnimh na críochúsáide agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009, tá oibleagáidí faoi leith ag an earnáil phoiblí maidir le húsáid fuinnimh a thuairisciú.

Tá SOLAS tiomanta ó thaobh cur le coigilteas fuinnimh éifeachtach infhíoraithe de 50% a bhaint amach san Earnáil Phoiblí faoi 2030 i gcomhréir le Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí. I gComhpháirt le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), déanann SOLAS a úsáid fuinnimh a thuairisciú go gníomhach chomh maith le monatóireacht a dhéanamh uirthi, agus cuireann sé straitéisí agus bearta i bhfeidhm chun coigilteas spriocdhrithe a bhaint amach agus an sprioc maidir le sin a shárú fiú, nuair is féidir.

Glacann SOLAS lena fhreagracht ó thaobh deimhin a dhéanamh de tionchar a gcuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí ar an timpeallacht áitiúil agus níos faide i gcéin a laghdú a oiread agus is féidir. Tríd an gCóras Bainistíochta Dramhaíola, agus i gcomhar leis an gConraitheoir Bainistíochta Dramhaíola, tá gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm ag SOLAS a chinntíonn go mbaintear ardleibhéal amach ó thaobh athchúrsála dramhaíola de, chomh maith le híoslaghdú a dhéanamh ar an méid dramhaíola a chuirtear chuig an láithreán líonadh talún. Tá SOLAS tiomanta do dheachleachtas i dtaca le feasacht comhshaoil agus cleachtais soláthair atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, chomh fada agus is féidir.

Leanfar ar aghaidh le tosaíochtaí na bliana 2022 in 2023 lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chostais fuinnimh chomh maith le hiad a rialú, iniúchadh fuinnimh, béim ar éifeachtúlachtaí agus coigilt fuinnimh nuair atá trealamh á fháil agus Dearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh a chur i bhfeidhm maidir le haon tionscadal ábhartha a thagann chun cinn.

> SOLAS – Dualgas i leith Chomhionannas agus Chearta Daonna na hEarnála Poiblí

Leagann Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí (an Dualgas) oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí fáil réidh le leithcheal, chomh maith le comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar chearta daonna ina gás siúd a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus baill foirne le linn dóibh a bheith i mbun a gcuid oibre ó lá go lá.

I mí Iúil 2021, thug SOLAS faoi aistear chun a oibleagáidí maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i gcrích. Oibríonn meitheal tras-eagraíochta ar a bhfuil cúig bhall foirne déag as na trí Rannán, i gcomhar le Saotharlann Luachanna, chun an Dualgas a dhaingniú in SOLAS.

Tá trí chéim sa phróiseas chun an Dualgas a chur i bhfeidhm – Measúnú, Dul i nGleic agus Tuairisciú ar bhonn bliantúil.

Ba iad na ceithre ní ba thábhachtaí a sainiú do 2022 ná:

- Téarmaí tagartha nó aon chreatdociméad a fhorbairt d'Oifig an Chláir Náisiúnta atá le bunú agus an straitéis a fhorbairt chun an Straitéis Litearthachta d'Aosaigh don Saol a chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le pleananna gníomhaíochta réigiúnacha.
- Ullmhú an teimpléid le haghaidh na gComhaontuithe um Fheidhmíocht Straitéiseach le BOOnna, lena n-áirítear fócas ar pharaiméadair an iarratais ar mhaoiniú.

- Na hathbhreithnithe atá beartaithe ar bheartais shonracha i dtaobh acmhainní daonna le linn 2022.
- Próiseas athbhreithnithe maidir le beartais agus nósanna imeachta soláthair, go háirithe comhaontuithe cúnaimh deontais, agus iniúchadh a dhéanamh ar dhearcadh maidir le foirmeacha eile i leith socruithe conartha.

Ina theannta sin, tá plean cumarsáide á chur chun cinn ag ár bhFoireann Chumarsáide chun ár dtiomantas don Dualgas a léiriú.

> An tAcht um Eiticí in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Tháinig SOLAS faoi réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoi réir an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 le héifeacht ón 29 Eanáir 2015.

> Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 2014

Baineann forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 le SOLAS. Bunaítear trí cheart reachtúla faoin Acht:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine teacht ar fhaisnéis bailithe ag comhlachtaí poiblí.
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil a bhaineann leis/léi féin a leasú i gcás ina bhfuil sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus
- Ceart dlíthiúil ag gach duine fios a bheith acu faoi na cúiseanna taobh thiar de chinntí bainteach leo.

In 2022, fuair SOLAS 34 iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

➤ Acht na dTeangacha Oifigiúla





Achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (Acht 2021) i mí na Nollag 2021, chun athruithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Acht 2003) a thabhairt isteach.

Le linn 2022, théadh SOLAS i mbun teagmhála go rialta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an gCoimisinéir Teanga chun a chinntiú go bhfuil SOLAS ag cloí leis na ceanglais atá leagtha amach san Acht.

➤ An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá bord SOLAS go hiomlán freagrach as conas a dhéanann an eagraíocht an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh. Thug Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2012) isteach leasuithe nach beag ar an gceanglas um Íoc Pras faoi mar atá san Acht.

D'fhág an Bord an fhreagracht seo faoi lucht bainistíochta SOLAS. Cuimsíonn an córas um rialú inmheánach airgeadais a leithéid de rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Mar chuid de chóras rialuithe inmheánacha na heagraíochta tá rialuithe cuntasaiochta agus ríomhaireachta atá deartha sa chaoi is go n-aithníonn siad na sonraisc agus na conarthaí atá le híoc laistigh de na dátaí íocaíochta atá leagtha síos. Dearadh na rialuithe seo sa chaoi is gur féidir a bheith réasúnta cinnte, cé nach féidir a bheith céad faoin gcéad cinnte, go seachnófar neamhchomhlíonadh an Achta. Is deimhin leis an mBord gur, le linn 2022, chloígh SOLAS le forálacha an Achta i ngach cás ábhartha. Sa iomlán, íocadh suim de €517.82 maidir le pionóis úis a gearradh de bharr íocaíocht a bheith déanach.



> Bord SOLAS



Sean Aylward

Iar-Ard-Rúnai sa Roinn Dlí agus Cirt agus Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ag Comhairle Bharra na hÉireann



Siobhan O'Shea

Stiúrthóir, Indeed



Kevin Marshall

Ceann Foghlama & Scileanna, Microsoft Éireann



Orla Coughlan

Comhairleoir Bainistíochta agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



Paul Cremmins

Stiúrthóir, Innealtóireacht na Siúire



Yvonne McNulty

Compháirtí, Brightwater Executive



Niamh O'Reilly

Ceann Foirne, Ollscoil Mhá Nuad



Catrina Sheridan

Bunaitheoir, Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin, Nafasi



Andrew Brownlee

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SOLAS (*de bhri oifige*)

Athruithe le linn 2022

Tháinig críoch le tréimhsí oifige ceathrar comhaltaí den Bhord i mí Dheireadh Fómhair 2022 lena n-áirítear Seán Burke, Patricia Carey, Patrick J Dwyer, agus Cecilia Munro.

Athcheapadh Catrina Sheridan don dara téarma oifige i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Ceapadh Kevin Marshall agus Siobhan O'Shea ar an mBord i mí Iúil 2022.

> Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cuirtear an Ráiteas Rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird i láthair i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus le treoirlínte a eisíodh i mí na Samhna 2017.

> Rialachas

Bunaíodh Bord SOLAS faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013. Leagtar amach feidhmeanna SOLAS in ailt 7, 8 agus 9 den Acht. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird i Sceideal na nÁbhar atá forchoimeáda don Bhord. Tá an Bord freagrach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Téann sé i mbun an taise seo trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach croícheist ghnó. Is faoin POF agus foireann cheannaireachta shinsearach SOLAS atá sé SOLAS a bhainistiú, a rialú, agus a stiúradh ar bhonn laethúil. Leanann an POF agus foireann cheannaireachta shinsearach SOLAS an treo straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an mBord agus déanann siad deimhin de gur riléir do Chomhaltaí uile an Bhoird na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas agus aon riosca suntasach a d'fhéadfadh titim amach. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta SOLAS.

> Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i Sceideal na nÁbhar atá forchoimeáda don Bhord. Is iad na nithe leanúnacha a dhéanann an Bord iad a mheas ná:

- leasanna a dhearbhu,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Faoi Alt 31(1) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013 tá sé de dhualgas ar Bhord SOLAS na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé i cibé foirm a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar Bhord SOLAS:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé i mbun gnó, agus
- a rá cé acu a leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme nó nár leanadh, ag brath ar aon athrú ábhartha a nochtadh agus a tugadh míniú faoi sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta fhónta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am faoi leith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 31(2) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá an Bord freagrach as an mbuiséad bliantúil don Plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) a fhaomhadh.

Cheadaigh an Bord buiséad SOLAS don bhliain 2022 ag an gcruinniú a bhí aige ar an 22 Márta 2022.

Cheadaigh an Bord an Plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2022 agus an buiséad bainteach leis ag an gcruinniú a bhí aige ar an 28 Aibreán 2022 agus tuilleadh nuashonruithe ar an bplean faofa ag an mBord ag an gcruinniú a bhí aige ar an 8 Meitheamh 2022. Thug an Bord faoin bPlean Seirbhíse agus an buiséad a mheas ag an gcruinniú a bhí aige ar an 15 Meán Fómhair 2022. Cheadaigh an Bord na leithdháiltí deiridh ag an gcruinniú a bhí aige ar 15 Nollaig 2022.

Ag an gcruinniú a bhí aige ar 22 Márta 2022, cheadaigh an Bord an Plean Caipitil do 2022 agus nuashonruithe cumtha agus ceadaithe ag an mBord curtha leis ag gach ceann de na cruinnithe a bhí aige i rith na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais SOLAS léargas cothrom fíor ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais SOLAS ar 31 Nollaig, 2022.

> **Struchtúr an bhoird**

Tá cathaoirleach agus 12 ghnáthchomhalta ar an mBord, cheap an tAire Oideachais agus Scileanna mar a bhí iad agus tá an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta á gceapadh ó 2020 i leith. Ag tús 2022, bhí dhá fholúntas fós ar an mBord i ndiaidh don Uasal Darragh J. Loftus imeacht ar chríochnú a thréimhse oifige ar 26 Deireadh Fómhair, 2021 agus bhí folúntas ní ba luaithe a tugadh ar aghaidh ó 2021 san áireamh. Ar 6 Iúil, 2022, cheap an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD beirt chomhaltaí Boird nua – Kevin Marshall agus Siobhan O'Shea ar an mBord.

Le linn 2022, tháinig cúig (5) fholúntas eile chun cinn i ndiaidh chríochnú thréimhsí oifige chomhaltaí an Bhoird lena n-áirítear Seán Burke, Patricia Carey, Patrick J. Dwyer, Cecilia Munro, agus Catrina Sheridan ar 26 Deireadh Fómhair 2022. Athcheapadh Catrina Sheridan don dara téarma oifige ar 27 Deireadh Fómhair 2022. Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag dul i mbun teagmhála leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun na folúntais reatha a líonadh agus táthar ag súil le go gcuirfear críochnú leis an bpróiseas seo ag tús 2023.

Is comhalta de bhri oifige den Bhoird é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SOLAS. Is é an tAire i mbun ceapacháin a chinntíonn tréimhse oifige gach comhalta.

Bhuail an Bord le chéile ocht n-uaire le linn 2022.

Sa tábla thíos tugtar eolas faoi na comhaltaí agus faoin dáta ar ar ceapadh iad:

Ball Boird	Ról	Dáta a C(h)eapacháin
Seán Aylward	Cathaoirleach	13.11.19
Seán Burke	Gnáthbhall	27.10.17 (<i>Tháinig tréimhse oifige chun críche 26.10.22</i>)
Patricia Carey	Gnáthbhall	27.10.17 (<i>Tháinig tréimhse oifige chun críche 26.10.22</i>)
Orla Coughlan	Gnáthbhall	25.03.19
Paul Cremmins	Gnáthbhall	25.03.19
Patrick J. Dwyer	Gnáthbhall	27.10.17 (<i>Tháinig tréimhse oifige chun críche 26.10.22</i>)
Yvonne McNulty	Gnáthbhall	01.07.19
Cecilia Munro	Gnáthbhall	27.10.17 (<i>Tháinig tréimhse oifige chun críche 26.10.22</i>)
Niamh O'Reilly	Gnáthbhall	25.03.19
Catrina Sheridan	Gnáthbhall	27.10.17 (<i>Tháinig tréimhse oifige chun críche ar 26.10.22. Athcheaptha don dara téarma ar 27.10.22</i>)
Andrew Brownlee	POF <i>Comhalta de bhri oifige</i>	02.09.19
Siobhan O'Shea	Gnáthbhall	06.07.22
Kevin Marshall	Gnáthbhall	06.07.22

**Tá ceithre fholúntas faoi láthair ar Bhord SOLAS i ndiaidh chríoch thréimhsí oifige Seán Burke, Patricia Carey, Patrick J. Dwyer, agus Cecilia Munro ar 26 Deireadh Fómhair 2022.

Cuireann Alt 4.6 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 ceangal ar an mBord tabhairt faoi Athbhreithniú Bliantúil ar a fheidhmíocht agus dul faoi mheastóireacht sheachtrach gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh meastóireacht sheachtrach ar an mBord in 2022 agus bhreithnigh an Bord na torthaí ag cruinniú tiomnaithe ar 22 Bealtaine 2022.

Tá trí Choiste ar an mBord:

1. Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca

Tá triúr ball foirne mar chuid den Choiste chomh maith le comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú bainteach leis seo. Tá an Coiste neamhspleách ó bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Co háirithe, cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Cuireann an Coiste tuairisc faoi bhráid

an Bhoird tar éis gach cruinnithe agus go foirmeálta i scríbhinn go bliantúil.

Seo iad baill an Choiste:

- Niamh O'Reilly – Cathaoirleach Coiste
- Cecilia Munro – Cathaoirleach Coiste go dtí 26 Deireadh Fómhair 2022
- P.J. Dwyer go dtí 26 Deireadh Fómhair 2022
- Siobhan O'Shea ó 24 Samhain 2022
- Catrina Sherida ó 24 Samhain 2022
- Peter Buckley - Comhalta Neamhspleách
- Seán Aylward – Cathaoirleach Bhord SOLAS – ballraíocht shealadach ó 6 Meán Fómhair 2022.

Athruithe le linn 2022

- Tháinig An tUasal Cecilia Munro chun críche maidir lena tréimhse oifige mar Chomhalta Boird agus mar bhall den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 26 Deireadh Fómhair 2022.
- Ainmníodh Niamh O'Reilly, comhalta Boird, mar Chathaoirleach ar an 24 Samhain 2022 chun teacht i gcomharbas ar Cecilia Munro.
- Tháinig An tUasal Darragh J. Loftus chun críche maidir lena thréimhse oifige mar Chomhalta Boird agus mar chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 26 Deireadh Fómhair 2022.
- Ceapadh Siobhan O'Shea, comhalta Boird, ar an gCoiste ar 24 Samhain, 2022.
- Ceapadh Siobhan O'Shea, comhalta Boird, ar an gCoiste ar 24 Samhain, 2022.
- Tháinig Seán Aylward, Cathaoirleach Bhord SOLAS, isteach sa Choiste ar bhonn sealadach ar an 6 Meán Fómhair 2022 sular ceapadh comhaltaí nua.

- D'éirigh Yvonne McNulty as an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 31 Bealtaine 2021 agus ainmneofar í ar Choiste nua in 2023.

Tionóladh ceithre (4) chruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i gcaitheamh 2022.

2. An Coiste um Pleanáil Straitéiseach

Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste, Is é ról an Choiste um Pleanáil Straitéiseach ná béim straitéiseach a choimeád ar Straitéis SOLAS um Breisoideachas agus Oiliúint agus Plean Corparáideach SOLAS maidir le feidhmiú fheidhmeanna na heagraíochta agus riaradh a ghnó. Soláthraíonn an Coiste maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar fhorbairt Phlean Corparáideach SOLAS i gcomhthéacs na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna agus freagrachtaí eile SOLAS.

Seo iad baill an Choiste:

- Niamh O'Reilly, Cathaoirleach go dtí 30 Samhain 2022
- Seán Burke go dtí 26 Deireadh Fómhair 2022
- Patricia Carey go dtí 26 Deireadh Fómhair 2022
- Paul Cremmins
- Kevin Marshall ó 24 Samhain 2022

3. An Coiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraíochtúil

Séard atá sa Choiste ná Beirt Chomhaltaí Boird. Is é ról an Choiste comhairle agus athdhearbhú a thabhairt don Bhord ar gach ábhar a bhaineann le forbairt an fhórsa saothair agus forbairt eagraíochtúil lena n-áirítear réimsí a bhaineann le hacmhainní daonna, luach saothair san áireamh, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar an bhfórsa saothair mar aon le pleanáil agus forbairt foirne; forbairt eagraíochtúil; comhionannas agus éagsúlacht lena n-áirítear straitéis, beartas agus monatóireacht laistigh den eagraíocht.

Is iad baill an Choiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraíochtúil ná:

- Orla Coughlan - Cathaoirleach
- Catrina Sheridan





Tionóladh cruinniú amháin (1) den Choiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraíochtúil le linn 2022.

Sceideal Tinrimh, Táilli, agus Costais

Leagtar amach thíos Sceideal Tinrimh maidir le cruinnithe Boird agus Coiste le linn 2022 lena n-áirítear na costais a fuair gach comhalta.

De réir ceangaltais Alt 1.4(iv) den Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú - Ceanglais Ghnó agus Thuairisciú Airgeadais 2016, nochtar costais arna n-íoc leis an mBord sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi seo.

Le héifeacht ó 1 Samhain 2022 agus i gcomhréir le hAlt 13 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 agus Alt 2 den Iarscríbhinn Luach Saothair agus Aoisliúntais den Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, íoctar Táilli Boird le Bord SOLAS. Tá feidhm ag an bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin a chiallaíonn nach féidir táilli boird a íoc le fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus san earnáil phoiblí a shuíonn ar bhoird stáit.



Líon na gcuinnithe a sceidealadh/a ndearnadh freastal orthu	Boird	Dáta ar ceapadh Comhaltaí Boird	Coiste um Iniúchóireacht & Riosca	An Coiste um Pleanáil Straitéiseach	An Coiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraíochtúil	Táillí 2022 €	Costais 2022 €
Líon na gcuinnithe a tionóladh le linn 2022	8		4	4	1		
AYLWARD, Seán	8/8	13.11.19	2/2	-	-	3,420	0
BURKE, Seán	6/6	27.10.17 (Tháinig an dara tréimhse oifige chun críche ar 26.10.22)	-	3/3	-	0	0
CAREY, Patricia	6/6	27.10.17 (Tháinig an dara tréimhse oifige chun críche ar 26.10.22)	-	1/3	-	0	0
COUGHLAN, Orla	7/8	25.03.19	-	-	1/1	1,995	3,579
CREMMINS, Paul	7/8	25.03.19	-	4/4	-	1,995	0
DWYER, Patrick J.	4/6	27.10.17 (Tháinig Tréimhse Oifige chun críche ar 26.10.22)	3/3	-	-	0	0
MARSHALL, Kevin	3/3	06.07.22	-	1/1	-	1,995	0
MCNULTY, Yvonne	6/8	01.07.19	-	-	-	1,995	36
MUNRO, Cecilia	4/6	27.10.17 (Tháinig an dara tréimhse oifige chun críche ar 26.10.22)	2/3	-	-	0	0
O'SHEA, Siobhan	2/2	06.07.22 (Commenced 15.09.2022)	1/1	-	-	1,995	0
O'REILLY, Niamh	8/8	25.03.19	0/1	4/4	-	0	0
SHERIDAN, Catrina	6/8	27.10.17 (Tháinig tréimhse oifige chun críche ar 26.10.22. Athcheaptha don dara téarma ar 27.10.22)	1/1	-	1/1	1,995	0
BROWNLEE, Andrew	8/8	02.09.19	-	-	-	0	0
Total						15,390	3,615

* Clúdaíonn táillí Boird an tréimhse 1 Samhain go dtí 31 Nollaig 2022 nuair a tugadh táillí isteach.

Nochtuithe atá Éigeantach faoin gCód Cleachtais um Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as cinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna ceanglais an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe seo a leanas éigeantach faoin gCód:


Costais Sainchomhairleoireachta

Tagann comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta faoi scáth costas comhairleoireachta chomh maith le feidhmeanna "ghnó mar is gnáth" a chuirtear amach ar conradh. Muirearaíodh na costais chomhairleoireachta seo a leanas i leith forchostas:

	2022 €	2021 €
Dlíthiúil (comhairle dhlíthiúil ghinearálta)	362,959	259,731
Comhairle airgeadais/achtúireach	11,931	12,020
Acmhainní Daonna & Pinsean	19,970	25,511
Forbairt Ghnó/TFC	229,313	181,936
Deontais Eile*	117,744	27,806
Costais Chomhairleoireachta Iomlána	741,917	507,004
<i>Costais chomhairleoireachta muirearaithe i leith loncaim agus i leith Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe</i>	<i>741,917</i>	<i>507,004</i>

Muirearaíodh na costais chomhairleoireachta seo a leanas i leith chostais dhíreacha an chlár le linn 2022:

	2022 €	2021 €
Dlíthiúil (comhairle dhlíthiúil ghinearálta)	91,107	0
Comhairle airgeadais/achtúireach	0	0
Acmhainní Daonna	0	0
Forbairt Ghnó/TFC	65,741	4,400
Deontais Eile*	7,795	37,000
Costais Chomhairleoireachta Iomlána	164,643	41,400
<i>Costais chomhairleoireachta muirearaithe i leith loncaim agus i leith Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe</i>	<i>164,643</i>	<i>41,400</i>




Costais Dlí agus Socruithe

Tugann an tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, imeachtaí idir-réitigh agus eadrána, agus socraíochtaí a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear le seo caiteachas tabhaithe i dtaca le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a tugadh do SOLAS, comhairle a ndéantar í a nochtadh thuas i measc na gcostas comhairleoireachta.

	2022 €	2021 €
Táillí dlíthiúla de chuid SOLAS – imeachtaí dlí*	43,113	(7,190)
Táillí dlíthiúla contrapháirtí – imeachtaí dlí	0	0
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	0	0
Socraíochtaí*	0	0
Iomlán#	43,113	(7,190)

* Baineann an fgiúr diúltach d'imeachtaí dlí in 2021 le fabhrú in 2020 nár tháinig go hiomlán i gcrích in 2021.



Taisteal agus Costais Chothaithe

Rangaítear caiteachas ar thaisteal agus ar chothú mar seo a leanas:

	2022 €	2021 €
Intíre		
– Bord*	6,491	0
– Fostaithe [†]	163,760	29,491
Idirnáisiúnta		
– Bord	0	0
– Fostaithe [‡]	7,660	1,025
Iomlán	177,911	30,516

*Taisteal intíre agus cothabháil dar luach €3,615 a íodadh go díreach le comhaltaí Boird agus €2,876 a íodadh thar ceann chomhaltaí an Bhoird. Gan aon íocaíocht déanta le linn 2021.

• Taisteal intíre agus cothabháil a íodadh go díreach le comhaltaí foirne in 2022 agus in 2021.

‡ Taisteal agus cothabháil dar luach €4,963 a íodadh go díreach leis an bhfoireann in 2022 (2021: €773) agus €2,694 a d'íoc SOLAS thar ceann na foirne (2021: €252).

Caiteachais Fáilteachais

Mar chuid den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2022 €	2021 €
Fáilteachas/ Folláine Foirne	41,577	26,234
Fáilteachas maidir le Cliaint	36,624	1,746
Iomlán	78,201	27,980

Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá ceanglais an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") á gcomhlíonadh go hiomlán ag SOLAS, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.


Sínithe ag:



Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023



Andrew Brownlee
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023




> Ráitis Airgeadais SOLAS 2022


I measc ár mbuaicphointí Airgeadais in 2022 tá deontais Neamhchaipitil a eisiocar le BOOnna dar luach €849.409m agus Deontais Chaipitil dar luach €43.896m. Eisiocadh €19.677m le soláthraithe BOO eile, €9.925m le Fostóirí faoin Scéim Dreasachta Printíseachta agus €891k faoin Deontas Fostóra Printíseachta.

Lean an fhoireann Airgeadais le seirbhísí airgeadais, bainistíochta cuntasaiochta agus soláthair a sholáthar go pras do SOLAS de réir reachtaíochta agus dea-chleachtais. Tá SOLAS ainmnithe mar Chomhlacht Idirmheánach do chlár oibríochta Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF).

Soláthraíonn Ciste Sóisialta na hEorpa maoiniú do réimse de chlár Bhreisoideachais agus Oilúna amhail Litearthacht d'Aosaigh, Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas, Oilúint i Sainscileanna, Nasc-Chúrsaí agus clár um Shocrúchán Oibre. Faigheann Lárionaid Oilúna Pobail agus clár Youthreach maoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus ón Tionscnamh Fostaíochta don Ógra (YEI). Tá Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra (TTF) ag cur go mór leis na clár BOO thuasluaite in Éirinn agus €60m ar an meán á dtabhairt acu in aghaidh na bliana i gcomparáid leis an gClár Infhostaitheachta, Ionchuimsithe agus Foghlama (PEIL) a tháinig roimhe a mhair ar feadh seacht mbliana ó 2014-2020.



Ráitis Airgeadais



Ráiteas faoi Fhreagrachtaí de chuid SOLAS

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, bunaíodh An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) le héifeacht ó 27 Deireadh Fómhair, 2013.

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, tá feidhmeanna ginearálta de chuid SOLAS sainithe mar seo a leanas:

- (a)** an tAire a ullmhú agus ábhair a chur faoina b(h)ráidstraitéis maidir le breisoideachais agus oiliúint a sholáthar;
- (b)** meas an phobail ar an bhfiúntas a bhaineann le breisoideachas agus oiliúint a neartú;
- (c)** dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le fostóirí ó am go ham ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir le cén cláir bhreisoideachais agus oiliúna nó cén aicmí de na cláir bhreisoideachais agus oiliúna gur cheart don tSeirbhís airgead a thabhairt ar airleacan dóibh;
- (d)** réamhíocaíocht a dhéanamh ar airgead le Boird Bhreisoideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile atá i mbun chlár bhreisoideachais agus Oiliúna a sholáthar;
- (e)** oiliúint agus athoiliúint le haghaidh fostaíochta a sholáthar, nó socrú a dhéanamh chun an oiliúint sin a sholáthar agus cabhrú is comhordú a dhéanamh ar oiliúint den sórt sin a sholáthar trí bhithin daoine nach den tSeirbhís iad;
- (f)** measúnú a dhéanamh ar Bhoird Oideachais & Oiliúna agus comhlachtaí eile atá i mbun clár bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar, agus a bhfuil airgead tugtha ar airleacan dóibh, le fáil amach an dtéann nó nach dtéann siad i mbun an chúraim seo ar bhealach eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach;
- (g)** cur chun cinn, spreagadh, agus éascaíocht a dhéanamh ar shocrúchán daoine de cibé aicme nó aicmí daoine a d'fhéadfadh a bheith luaite go sonrach ag an Aire Coimirce Sóisialaí tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna, i gcomhthéacs chlár bhreisoideachas agus cláir oiliúna a mhaoinítear, go hiomlán nó go páirteach, as airgead poiblí;
- (h)** comhoibriú a chothú idir Boird Bhreisoideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile atá i mbun chlár bhreisoideachais agus Oiliúna a sholáthar;
- (i)** comhionannas deiseanna a chur chun cinn i dtaca le breisoideachas agus oiliúint a sholáthar;
- (j)** cláir bhreisoideachais agus oiliúna nua agus cláir atá ann cheana a fhorbairt agus a éascú, lena n-áirítear córais a bhunú atá deartha chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an oideachais agus na hoiliúna atá i gceist lena chinntiú go bhfuil na cláir sin oiriúnach dá bhfeidhm;
- (k)** oiliúint a chur ar fáil, nó cabhrú le hoiliúint a chur ar fáil, oiliúint do dhaoine a bhfuil sé de chúram orthu cláir bhreisoideachais agus oiliúna a sheachadadh a bhfuil airgead faighte ón tSeirbhís acu ina leith;
- (l)** taighde a dhéanamh, nó a fhéachaint chuige go ndéanfar taighde maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse; agus
- (m)** comhairle a thabhairt don Aire maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse.

Ceanglaítear ar SOLAS faoi alt 31(1) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, cuntais bhliantúla a ullmhú, de réir mar a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais,

Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú.


Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar SOLAS:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh SOLAS i mbun gnó; agus
- aon athrú ar chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus míniú a thabhairt orthu.

Tá SOLAS freagrach as taifid chuntasaíochta fhóna a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am faoi leith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais mír 31(1) den Acht. Tá SOLAS freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Chloígh SOLAS leis na ceanglais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

D'fhaomh SOLAS na Ráitis Airgeadais ar 27 Aibreán, 2023.



Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023



Andrew Brownlee
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais SOLAS don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2022 mar atá riachtanach faoi fhorálacha chuid 31 den Acht um Breisoideachas agus Oiliúint, 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais
- an ráiteas ar athruithe ar an gcuntas caipitil agus cúlchistí, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáiochta..

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais SOLAS ar an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2022 de réir Caighdeán Tuarascála Airgeadais (FRS) 102 - *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar SOLAS agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eitiúla eile de réir na caighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir SOLAS faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear léi sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas ar rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus

Ciste 30 Bealtaine 2023

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gComhaltaí Boird freagrachtaí na gcomhaltaí Boird, lena n-áirítear

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha amach faoi alt 31 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaiocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuariscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 31 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairiscí a dhéanamh fúthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuariscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuariscí ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuariscí teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuariscí ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainiú agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí i chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuariscí ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaos níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaiochta agus an nochtadh lena mbaireann.

- Cinnim ar oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaiocht agus, bunaithe ar fhianaise iniúchóireachta a fuarthas, an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil maidir le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas SOLAS leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantaigh. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúid bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh le himeachtaí amach anseo deireadh a chur le SOLAS a bheith mar ghnóthas leantaigh.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainiú le linn m'iniúchta.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaiochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaiochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le míniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuariscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuariscí ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairiscí ar chúrsaí eile

Déantar míniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 2022

> Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord na Seirbhíse Oideachais Leanúnaigh Agus Scileanna (SOLAS), glacaim lenár bhfreagracht as dea-rialachas, i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais um Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach i bhfeidhm agus go ndéantar cothabháil air. Agus é i mbun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, tá an Bord tar éis leibhéil údaráis atá sainithe go soiléir a fhágaint faoi Fheidhmeannas SOLAS agus faoi mbaill foirne fad is atá cinntí a bhaineann le nithe áirithe fágtha aige faoina mbreithiúnas féin.

> Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis go huile agus hiomlán agus mar sin ní féidir leis ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thairfeadh i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí, nó go ndéanfaí iad a thabhairt faoi deara go pras. Le go bhfeidhmeoidh an córas i gceart caithfidh an bhainistíocht líne, an Feidhmeannas agus na feidhmeanna airgeadais, soláthair agus Acmhainní Daonna rialú docht a chur i bhfeidhm agus aon teip rialaithe suntasach a thuirisciú don Bhord.

> Cumas chun Priacal a Láimhseáil

Bhí Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) ag SOLAS ar a raibh beirt chomhaltaí Boird agus saineolaí seachtrach amháin ó Eanáir go Samhain 2022. Tar éis gur tháinig tréimhsí oifige na gcomhaltaí Boird seo chun críche ar

26 Deireadh Fómhair 2022, bhí triúr comhaltaí Boird a ceapadh le déanaí ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus saineolaí seachtrach amháin ar chomhaltas an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Ina theannta sin, d'fhreastail Cathaoirleach an Bhoird ar chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2022, chun leanúnachas a chinntiú le linn athrú chomhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Bhuaile an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire le linn 2022.

Oibríonn an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh i SOLAS de réir na bPrionsabail Iniúcháireachta Inmheánaigh mar a leagtar amach iad sa Chód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Tá obair an Iniúchta Inmheánaigh bunaithe ar phróifíl anailíse riosca ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht; cuspóirí straitéiseacha; cumhdach iniúchta atá timthriallach; agus torthaí na n-iniúchtaí a rinneadh roimhe. Tá an obair seo dírithe go ginearálta ar na réimsí is mó seans riosca a bheith ann don eagraíocht. D'fhaomh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Plean Iniúchta Inmheánaigh na bliana 2022, thar ceann an Bhoird. I rith 2022, eisíodh sé Thuarascáil Iniúchta Inmheánaigh, a chlúdaigh na réimsí i dtaca le spriocanna agus cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach, struchtúir rialachais a thacaíonn le hiocaíochtaí deontas, bainistíocht riosca, an t-athbhreithniú comhairleach ar an oifig náisiúnta printíseachta, rialuithe inmheánacha airgeadais agus ríomhCholáiste.

Buaileann an ARC le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair an iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Ar bhonn bliantúil, cuireann an ARC tuarascáil ar fáil don Bhord ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh na bliana.

Tá comhaontú i bhfeidhm idir an ARC agus an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaigh (IAU) de na BOOanna maidir le hionchur SOLAS i bplean iniúchta an IAU. Faigheann SOLAS tuarascálacha tuairimíochta iniúchta agus tuarascálacha

earnála ón IAU freisin maidir le athbhreithnithe a rinneadh ar chaiteachas ar Bhreiseoideachas agus ar Oiliúint.

> Creat um Rialú agus um Riosca

Déanann Coiste Feidhmeannach um Riosca a Bhainistiú de chuid SOLAS, a bhfuil gach Stiúrthóir Feidhmiúcháin i measc a chomhaltaí, agus a bhfuil an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina chathaoirleach air, na próisis bhainistíochta riosca laistigh de SOLAS a chur chun cinn, a stiúradh agus déanann sé monatóireacht orthu. Chun cabhrú leis an bpróiseas seo, tá Stiúrthóir ainmnithe ag SOLAS mar Phríomhoifigeach Riosca. Tá an Comhordaitheoir Riosca freagrach as tacú le hobair an Choiste Bainistíochta Riosca agus as tuarascálacha a chur i dtoll a chéile agus a ullmhú don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Cuir an Bord agus an Coiste um Iniúcháireacht agus um Riosca maoirseacht neamhspleách ar fáil chomh maith le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht SOLAS' ó thaobh bhainistiú riosca de.

Tá próiseas oifigiúil curtha ar bun d'fhonn rioscaí gnó a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú agus mar chuid de seo tá:

- rioscaí a shainaithint agus cén cineál riosca atá i gceist a léiriú
- tuar a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh a leithéid arís
- aird a tharraingt ar na himpleachtaí airgeadais agus impleachta eile
- na rialuithe agus fachtóirí maolaitheacha
- clár rioscaí corparáideacha a chothabháil
- plan chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú
- monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus é a thuairisciú
- déanann an bhainistíocht rioscaí a

athbhreithniú ar bhonn leanúnach agus ar bhonn oifigiúil ag an ARC dhá uair sa bhliain ar a laghad

- tá príomhrioscaí na n-aonad gnó ailínithe leis na pleananna gnó bliantúla.

> Monatóireacht ar bhonn leanúnach agus Athbhreithniú

Tá An Bord tar éis bearta a chur i gcrích chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí bainistíochta agus údarás a shonrú go soiléir agus cáipéisíocht a dhéanamh mar fhianaise fúthu
- a chinntiú gur riléir do lucht bainistíochta an slabhra ceannais ó thaobh freagrachta de
- nósanna imeachta foirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coiste éagsúla chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar beart ceartaitheach cuí
- cultúr láidir de chuntasacht a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht
- Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh chugainn féin agus cloí leis
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an Bhoird
- a chinntiú go bhfuil Coiste Iniúcháireachta agus Riosca atá gníomhach mar chuid den timpeallacht rialaithe, chomh maith le feidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh, tuarascálacha rialta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don Bhord agus go gcuirfi faoi bhráid an Bhoird torthaí

gníomhaíochta agus airgeadais - an mhí reatha agus an bhliain go dtí seo ag gach cruinniú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat bainistithe faisnéise, beartas agus nósanna imeachta roinnte ar bhonn rialta lena n-áirítear dualgais a scaradh, agus córas cuntasachta ina bhfághtar freagrachtaí faoi dhaoine áirithe Go háirithe i measc seo tá:

- príomhrioscaí a aithint agus rialuithe bainteach leo a chur i bhfeidhm chomh maith le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an oibríocht i gcás ina dtuairiscítear aon easnaimh aitheanta do Choiste Feidhmiúcháin um Riosca a Bhainistiú de chuid SOLAS agus don ARC.
- córas buiséadaithe cuimsitheach a chur ar bun agus buiséad bliantúil lena chois, buiséad a ndearna an Bord athbhreithniú air agus gur tháinig siad ar chomhaontú faoi. Mar chuid de seo tá próiseas pleanála gnó atá thar a bheith mionsonraithe
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a mheas
- athbhreithnithe ag an mBord ar Thuarascálacha Airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais i leith na mbuiséad
- nósanna imeachta soláthair seanbhunaithe faoina ndéantar earraí agus seirbhísí a fháil i gcomhréir le ceanglais soláthair an AE agus náisiúnta
- go mbeidh aon iarratas ar thaisteal thar lear faoi réir formheas ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
- nósanna imeachta chun infheistíocht chaipitil a rialú atá de réir na dTreoirí um Thograí Cainteachais Chaipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí Feabhra sa bhliain 2005

- Téarmaí agus coinníollacha maoinithe i bhfeidhm do gach Bord Oideachais agus Oiliúna, cáipéis maidir le paraiméadair a dhéanamh a leagann amach an próiseas pleanála gnó lena n-áirítear cuspóirí do gach bliain agus plean seirbhíse gnó cuimsitheach a ndéantar athbhreithniú air dhá uair sa bhliain
- Cuireadh críoch le Comhaontuithe um Fheidhmíocht Straitéiseach idir SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) in 2022 agus tá siad i bhfeidhm anois don tréimhse 2022-2024.

> Tionchar COVID-19

Tháinig laghdú ar COVID-19 agus ar thionchar na paindéime sa dara leath de 2022 i gcomparáid leis an gcás in 2020 agus in 2021. Maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an timpeallacht rialaithe agus chun riosca a mhaolú, lean SOLAS ar aghaidh leis na bearta seo a leanas:

- tá sé de chead ag gach comhalta foirne obair go cianda. ní mór do 2% den fhoireann (riachtanach) a bheith lonnaithe san oifig
- a chinntiú go raibh an trealamh ag baill foirne chun dul i mbun oibre go cianda trí leas a bhaint as Office 365 (OneDrive, TEAMS, SharePoint, fóin phóca), ríomhairí glúine agus crua-earraí
- rialuithe cibearshlánda feabhsaithe a bheith curtha i bhfeidhm mar aon le hoiliúint éigeantach sa chibearshlándaíl do gach ball foirne
- MFA (Fíordheimhniú Ilfhachtóiríúil) neartaithe a chur i bhfeidhm ina gcuirtear iallach ar úsáideoirí séalái digiteacha a chur le hidirbhearta leictreonacha
- rialuithe feabhsaithe a chur i bhfeidhm i dtaca le próisis soláthair agus Acmhainní Daonna

- dualgais a scaradh óna chéile agus rinneadh cothabháil ar na rialuithe airgeadais go léir agus iad a athrú nuair ba ghá
- tugadh an t-eolas is déanaí don Bord ar bhonn rialta maidir le prótacail COVID-19
- ní raibh aon tionchar aige ar na Ráitis Airgeadais.

> Soláthair

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm againn chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá SOLAS go hiomlán comhlíontach maidir le Soláthar.

> Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar obair na nithe seo a leanas:

- Stiúrthóirí Feidhmeannacha/Stiúrthóir/Bainisteoirí laistigh de SOLAS, atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh air
- Ceannasaí Iniúcháireachta Inmheánaigh
- an ARC, a dhéanann maoirsiú ar obair an Iniúcháireachta Inmheánaigh agus a dhéanann athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach
- na ráitis curtha amach ag Oifig an Aird-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile; agus
- rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht rialaithe a mheas faoin gCreat um Rialú Inmheánach ar an 27 Aibreán, 2023.
- Dhirigh an t-athbhreithniú seo ar thorthaí an iniúchta inmheánaigh, ar an gClár Rialachais Chorparáidigh agus ar dhiúscairt sócmhainní seasta.

> Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainithníodh aon sárú ábhartha ar rialú inmheánach, cailiteanais ábhartha nó calaoisí i gcaitheamh na bliana.


Sínithe ag:



Seán Aylward

Cathaoirleach, SOLAS

Dáta: 25 Bealtaine 2023



SOLAS


Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022	2021
		€'000	€'000
Ioncam	2	976,610	833,698
Caiteachas			
Costais Phárolla	5	15,204	14,164
Forchostais	5	6,915	6,168
Costais Oibriúcháin SOLAS		22,119	20,332
Costais Shocair Scoir	5	10,360	6,690
Costais na gClár	6	9,009	9,000
Deontais do Bhoird Oideachais agus Oilíúna	7(a)	893,305	759,182
Deontais do MDPSC*	7(b)	4,210	3,966
Deontais d'Eagraíochtaí san Earnáil Bhreisoideachais agus Oilíúna	7(c)	12,656	10,256
Deontais Phrintíseachta d'Fhostóirí	7(d)	10,816	10,389
Deontais do Chuibhreannais & Comhlachtaí Comhordúcháin	7(e)	2,811	3,466
Deontais san Iomlán		923,798	787,259
Caiteachas Iomlán		965,286	823,281
Barrachas don bhliain		11,324	10,417

Tá Nótai 1 go 20 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

* Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

Sínithe ag:



Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023



Andrew Brownlee
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023


SOLAS

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022	2021
		€'000	€'000
Barrachas don bhliain		11,324	10,417
Gnóchan/(Caillteanas) a bheith i gceist maidir le hoibleagáidí Shochair Scoir		(2,064)	2,316
Athruithe ar na toimhdí atá mar bhonn de luach na Dlíteanas Shochair Scoir mar atá sé faoi láthair		151,080	(10,574)
Gnóchan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhlíteanas Shochair Scoir	12 (a)(v)	149,016	(8,258)
Coigeartú ar Mhaoiniú Shochair Scoir atá Curtha Siar		(149,016)	8,258
An Barrachas Iomlán Aitheanta don Bhliain		11,324	10,417

Tá Nótaí 1 go 20 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sínithe ag:



Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023



Andrew Brownlee
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023


SOLAS

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail ar an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022		2021	
		Amhail ar an 31 Nollaig 2022		Amhail ar an 31 Nollaig 2021	
		€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Neamhreatha					
Maoin, Gléasra & Trealamh	8		422		647
Sócmhainní Reatha					
Infháltais	9	1,767		760	
Airgead Tirim		13,917		11,632	
		15,684		12,392	
Dliteantais a thiocfaidh chun bheith dlite faoi cheann bliana					
Billí Iniochta	10	(3,738)		(1,535)	
Glansócmhainní reatha			11,946		10,857
Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha roimh Oibleagáidí Shocair Scoir a Chur san Áireamh			12,368		11,504
Dliteanais Shocair Scoir de chuid SOLAS	12(a)(ii)	(513,930)		(685,750)	
Maoiniú Shocair Scoir atá Curtha Siar	12(a)(ii)	513,930	0	685,750	0
Sócmhainní Iomlána			12,368		11,504
Caipiteal agus Cúlchistí					
Cúlchiste Caipitil		422		647	
Cuntas Caipitil		600	1,022	418	1,065
Cúlchiste Ioncaim			11,346		10,439
			12,368		11,504

Tá Nótaí 1 go 20 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sínithe ag:



Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023



Andrew Brownlee
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS
Dáta: 25 Bealtaine 2023

SOLAS

Ráiteas faoi Sreabha Airgid maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022	2021
		€'000	€'000
Sreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas don bhliain		11,324	10,417
Úis Íochta/(Faighte)		84	107
Aisiocáíocht déanta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta		(10,417)	(10,093)
Coigeartú ar nithe neamhairgid			
(Méadú)/Laghdú ar an bhFardal			5
(Méadú)/Laghdú ar Líon na nInfháltas	9	(1,007)	1,145
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníochta	10	2,203	(271)
Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		2,187	1,310
Sreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Fháil	8	(220)	(124)
Deontais Chaipitil Faighte	3	44,296	21,053
Deontais Chaipitil le BOOanna	7(a)	(43,896)	(20,622)
Deontais Chaipitil tugtha do Sholáthraithe de Bhreisoideachas & Oideachas eile		0	0
Slánú		2	
Sreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais			
Úis Íochta/(Faighte)		(84)	(107)
Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta/Airgeadais		98	200
Méadú/(Laghdú) ar Airgead i Rith na Bliana		2,285	1,510
Méid airgid ag tús na Bliana		11,632	10,122
Méid airgid ag deireadh na Bliana		13,917	11,632

Cuirtear an Barrachas in iúl nuair atá an dimheas agus amúchadh ar Dheontas Caipitil curtha san áireamh.

Tá Nótáí 1 go 20 mar dhlúthchuid de na Ráitís Airgeadais seo.

SOLAS


Ráiteas ar athruithe ar an gcuntas caipitil agus cúlchistí, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2022

	Nóta	Cúlchiste Ioncainm	Cuntas Caipitil	Cúlchistí Caipitil	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail ar an 31 Nollaig 2020		10,115	111	924	11,150
Barrachas don bhliain		10,417	0	0	10,417
Aisiocaíocht déanta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta #		(10,093)	0	0	(10,093)
Deontais Chaipitil Faighte	3	0	21,053	0	21,053
Deontais Chaipitil le BOOanna	7(a)	0	(20,622)	0	(20,622)
Deontais Chaipitil tugtha do Sholáthraithe de Bhreisoideachas & Oideachas eile		0	0	0	0
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Fháil	8	0	(124)	124	0
Amúchadh ar Dheontas Caipitil - Dímhéas	2 & 8	0	0	(401)	(401)
Costais Shocair Scoir					
Gnóchan/(Cailteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Shocair Scoir	12(a)(v)	(8,258)	0	0	(8,258)
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir ón Státhchiste atá Curtha Siar		8,258	0	0	8,258
Amhail ar an 31 Nollaig 2021		10,439	418	647	11,504
Barrachas don bhliain		11,324	0	0	11,324
Aisiocaíocht leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta #		(10,417)	0	0	(10,417)
Talamh barrachais a aistriú go dtí an Roinn Oideachais~	8	0	0	(120)	(120)
Deontais Chaipitil Faighte	3	0	44,296	0	44,296
Deontais Chaipitil le BOOanna	7(a)	0	(43,896)	0	(43,896)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Fháil	8	0	(220)	220	0
Amúchadh ar Dheontas Caipitil - Dímhéas	2 & 8	0	0	(325)	(325)
Slánú			2		2
Costais Shocair Scoir					
Gnóchan/(Cailteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Shocair Scoir	12(a)(v)	149,016	0	0	149,016
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir ón Státhchiste atá Curtha Siar		(149,016)	0	0	(149,016)
Amhail ar an 31 Nollaig 2022		11,346	600	422	12,368

Tá Nótaí 1 go 20 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Le ceadú ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta, choinnigh SOLAS aisiocaíochtaí dlite don Roinn le blianta beaga anuas. Tá cuntas tugtha ar na haisiocaíochtaí coinnithe in ioncam na bliana seo.

~ D'aistrigh Oifig Luachála talamh i mBiorra dar luach €0.120m chuig an Roinn Oideachais le haghaidh foirgneamh scoile ar luach NÁID. Cuireadh nósanna imeachta maidir leis an aistriú seo i gcrích de réir chiorcláin 11/15 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe '*Prótacail le haghaidh aistriú sócmhainní réadmhaoinne an stáit' agus 17/16 'Polasaí chun réadmhaoin a fháil agus chun réadmhaoin barrachais a dhiúscairt'* agus coigeartaíodh an méid seo faoi Chúlchistí Caipitil.



Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

> 1 Beartais Chuntasaíochta

Is é seo a leanas bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac SOLAS chuige féin:

Bunú SOLAS

Bunaíodh SOLAS an 27 Deireadh Fómhair 2013 i gcomhréir leis an Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013.

Leagtar amach sna ráitis airgeadais seo torthaí SOLAS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 mar aon le comparáidí don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Leagtar amach feidhmeanna SOLAS in ailt 7 go 9 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013.

Eolas Ginearálta

Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá ráitis airgeadais faoi leith de SOLAS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 ullmhaithe de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA.

Airgeadra

Ullmháitear na ráitis airgeadais in EURO agus déantar iad a shlánú go dtí an €'000 is gaire. Mar an gcéanna, is é an t-airgeadra feidhmiúil atá ag SOLAS ná an Euro.

Foirm Dhlíthiúil

Is Eintiteas Leas an Phobail é SOLAS i bPoblacht na hÉireann a bhfuil oifig chláraithe aige i mBloc 1, Teach an Chaisleáin Fhoirbis, Bóthar an Chaisleáin Foirbis, Baile Átha Cliath 1, Éire.

Soláthraíonn Eintiteas Leas an Phobail earraí nó seirbhísí ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne, leis an bpobal nó le leas sóisialta. I gcás ina gcuirtear caipiteal gnáthscaireanna ar bith ar

fáil, is ar mhaithe le tacú le príomhchuspóirí an eintitis a chur i gcrích a dhéantar é sin seachas ar mhaithe le toradh airgeadais a thabhairt do sholáthraithe de chaipiteal gnáthscaireanna, do scairshealbhóirí nó do chomhaltaí.

Ní bhfuair SOLAS acmhainní ó idirbhearta neamh-mhalartaithe sa bhliain reatha.

Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

The following accounting policies have been applied consistently in dealing with items which are considered material in relation to the financial statements of SOLAS.

Bonn an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil leasaithe agus le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 i bhfoirm faofa ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais trí úsáid a bhaint as modh fabhráithe na cuntasaíochta ach amháin mar a shonraítear thíos agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn ó thaobh ráitis airgeadais á n-ullmhú a thugann léargas fíor agus cothrom ná na cinn a fhoilsíonn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus na cinn a eisiúint an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais.

De réir Chiorclán 21/2015 ón DPER a bhaineann le FRS 102, cuimsíonn na ráitis airgeadais seo an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus an Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar Chuntas Caipitil. Ina theannta sin, tá Nótaí 1 go 20 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ullmhaítear ráitis airgeadais SOLAS de réir na gcaighdeán cuntasáiochta infheidhmithe agus d'údaraigh Bord SOLAS iad lena n-eisiúint ar 27 Aibreán 2023.

Maoin, Gléasra & Trealamh

Caipitliú

Luaitear Maoin, Gléasra agus Trealamh ag costas stairiúil lúide dimheas carntha. Luaitear talamh ag an méid athluacháilte.

Tá costas sócmhainne comhdhéanta de phraghas ceannaigh na sócmhainne móide aon chostais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt i riocht oibre dá húsáid bheartaithe.

Muirearaítear daingneáin agus feistis faoi bhun na tairisí caipitlithe ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain inar ceannaíodh iad. Is é an tairseach caipitlithe ná €1,000 agus CBL san áireamh. Déantar gach trealamh ríomhaireachta a chaipitliú beag beann ar luach.

Dímheas

Riomhtar dímheas chun costas bunaidh na sócmhainne nó an tsuim athluacháilte a dhíscríobh lúide an luach iarmharach measta ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolré eacnamaíoch úsáideach mheasta mar a leanas:

- Talamh – Neamhni;
- Feabhsúcháin ar an Réadmhaoin ar Léas (thar théarma an léasa);
- Trealamh agus Troscán – 5 bliana (20%); agus
- Ríomhairí agus trealamh ríomhaireachta eile – 3 nó 5 bliana (33^{1/3}% nó 20%)

Ní dhéantar aon soláthar le haghaidh dímheasa maidir le talamh ruilse. Déantar dímheas ar shócmhainní caipitil a mheaitseáil le haistriú ón gCúlchiste Caipitil.

Déantar luach (tugtha) anonn na sócmhainní seasta inlámhsithe a athbheithniú le haghaidh bearnaithe má thugann imeachtaí nó athruithe

ar chúinsí le fios nach bhféadfaí luach (tugtha) anonn a aisghabháil.

Cúlchiste Caipitil

Léiríonn an cúlchiste caipitil an méid glan a caitheadh ar shócmhainní inlámhsithe, arna mhaoiniú ag Deontais Státchiste. Déantar na deontais seo a amúchadh go hioncam thar shaolré ionchais na sócmhainní ar aon dul leis an dímheas, lagaithe sócmhainní inlámhsithe agus díscríobh sócmhainní inlámhsithe.

Airgead Tirim

Chun críche na ráiteas sreafa airgid, séard is brí le hairgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí inaisíochta ar éileamh.

Infháltais

Taifeadtar Trádáil agus Infháltais eile ag praghas an idirbhirt. Aithnítear aon chaillteanais a eascraíonn as bearnú sa ráiteas ioncaim i gcostais riaracháin.

Billí Iníochta

Taifeadtar Trádáil agus Billí Iníochta eile ag praghas an idirbhirt. Aithnítear aon chaillteanais a eascraíonn as bearnú sa ráiteas ioncaim i gcostais riaracháin.

Cúlchiste Ioncaim

Léiríonn an Cúlchiste Ioncaim barrachas coinnithe de chuid SOLAS.

Soláthar

Aithnítear foráil sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag SOLAS agus gur dócha go mbeadh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíocha de dhith chun an dualgas a réiteach.

Ioncam

Maoiniú Stáit

Aithnítear deontais reatha ar bhonn airgead tirim faighte. Mar sin féin, coinníonn SOLAS barrachais a d'eascair i mblianta roimhe seo le cead na

Roinne. Mar thoradh air sin, cuireann an méid atá aitheanta sa ráiteas ioncaim agus caiteachais san áireamh an méid airgid a fuarthas i ndáiríre agus barrachas coinnithe ón mbliain roimhe sin, rud a chuirtear in aghaidh na gcúlchistí sa ráiteas athruithe ar chúlchistí.

Tugtar cuntas ar dheontais chaipitiúla ar bhonn airgead tirim faighte agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar shaolré ionchais na sócmhainní ag teacht le dímheas agus díscríobh sócmhainní inláimhsithe.

Ioncam Eile

Go ginearálta, tugtar cuntas ar ioncam eile ar bhonn airgead tirim faighte ach amháin nuair a eisítear sonraisc. Sa chás seo, tugtar cuntas ar ioncam de réir mar a sonraíodh sa sonrasc.

Airgeadra Eachtrach agus Airgeadra Feidhmiúil

Cuirtear na míreanna atá san áireamh sna ráitis airgeadais i láthair in Euro, airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíocha ina n-oibríonn SOLAS (an "airgeadra feidhmiúil").

Tá idirbhearta ainmnithe in airgeadra eachtrach le linn na tréimhse aistrithe ag an ráta malairte ar dháta an idirbhirt. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go Euro ag na rátaí malairte ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais. Déantar na brabúis nó cailteanais a d'eascair as a chioradh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Deontais

Maidir le deontais reatha agus chaipitiúla a íocadh le Boird Oideachais agus Oiliúna, Scoileanna Deonacha, Pobail agus Meánscoileanna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí éagsúla eile, tugtar cuntas orthu ar bhonn airgid más chun críocha Breisoideachas agus Oiliúna a bhí siad. Tá sé seo comhsheasmhach leis an gcaoi a dtugann SOLAS cuntas ar mhaoiniú Stáit.

Deontais Chaipitiúla chuig Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Cuirtear Deontais Chaipitiúla a eisiótar chuig Boird Oideachais agus Oiliúna san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Scaoiltear ioncam ón gCuntas Caipitil chun deontais dá leithéid a mhaoiniú.

Drochfhiacha

Nochtar féichiúnaithe ag méid bunaidh an tsonraisc lúide liúntas le haghaidh fiacha nach féidir a bhailiú seans. Tá soláthar faoi réir nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh SOLAS in ann na fiacha atá bainteach leis a bhailiú. Déantar drochfhiacha a dhíscríobh chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais a luaithe agus a tugtar faoi deara iad.

Léasú

Gearrtar cíosanna maidir le léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa. Ní raibh aon léasanna airgeadais i bhfeidhm. Baineann léasanna oibriúcháin le foirgnimh ina bhfuil SOLAS lonnaithe iontu.

Cásanna Dlí

Aithnítear costais dlí sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad. Tá soláthar faoi réir don mheastachán is fearr ag an mBord ar chostas aon tsocraithe nuair a mheastar gur dócha go dtarlóidh socraíocht sa chás agus gur féidir costas an tsocraithe a thomhas go hiontaoifa.

Costais Shocair Scoir

Feidhmíonn SOLAS an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) arb í an scéim pinsin le sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí atá in aois an phinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranniocaíochtaí bhall na Scéime Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Lena chois sin, feidhmíonn SOLAS dhá scéim sochair scoir a cuireadh ar bun i bhfad siar mar seo a leanas:

- Scéim le sochar sainithe a thugann sochair scoir d'iarbhaill foirne AnCO. Dúnadh an scéim seo do chomhaltaí nua ar 1 Eanáir 1988. Ar 31 Nollaig 2009 aistríodh sócmhainní na scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais (Foráil Ilghnéitheach) 2009. Íoctar ranníocaíochtaí ó SOLAS agus ó bhaill foirne sa scéim seo lenár máthair-Roinn gach bliain.
- Is scéim le sochar sainithe nach bhfuil maoinithe í a n-íoctar a sochair as an maoiniú a sholáthraíonn ár máthair-Roinn go bliantúil. Íoctar ranníocaíochtaí ó bhaill foirne sa scéim seo lenár máthair-Roinn gach bliain.

Léiríonn costais sochair scoir na sochair scoir a thuill fostaithe le linn na tréimhse sin.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú ar aon dul leis sa mhéid ar féidir a aisghabháil ónár máthair-Roinn.

Tá dliteanais sochair scoir mar ionadaí do luach reatha na n-íocaíochtaí sochair scoir amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Tá maoiniú sochair scoir atá curtha siar mar ionadaí don tsócmhainn cosúil leis atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Meastacháin Chuntasaíochta agus Breithiúnais

Agus ráiteas airgeadais á ullmhú, caithfidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar chur i bhfeidhm beartas chomh maith leis na méideanna sócmhainní a thuairiscítear, dliteanas, ioncain agus costais. Tá na meastacháin agus na toimhdí bainteach leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí éagsúla eile a chreidtear a bheith réasúnach faoi mar a sheasann cúrsaí ag aon am faoi leith, agus is iad na torthaí seo atá mar bhonn chun breithiúnais

a dhéanamh ar luachanna (tugtha) anonn de shócmhainní agus dliteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile. D'fhéadadh torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin.

Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar na meastacháin agus ar na toimhdí ar a bhfuil siad bunaithe. Déantar athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta a shainaithint le linn na tréimhse a ndéantar an meastachán a athbhreithniú, sa chás go mbíonn tionchar ag an athbhreithniú ar an tréimhse sin amháin, nó le linn na tréimhse athbhreithnithe agus na dtréimhsí amach anseo sa chás go mbíonn tionchar ag an athbhreithniú ar thréimhsí reatha agus amach anseo. I measc na réimsí ina bhfuil breithiúnais nó castacht nach beag i gceist, nó réimsí ina bhfuil toimhdí nó meastacháin suntasach do na ráitis airgeadais, tá:

Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar luach (tugtha) anonn de mhíreanna talún agus foirgneamh, trealaimh agus troscáin le haghaidh táscairí lagaithe ag gach dáta tuairiscithe agus tá siad faoi réir tástála lagaithe nuair a thugann imeachtaí nó cúinsí athraithe le fios gur seans nach féidir an luach tugtha anonn a aisghabháil.

Costais Shocair Scoir

Is achtúirí cáilithe a dhéanfaidh measúnú ar na dliteanais agus na costais bainteach leis na scéimeanna sochair scoir atá sainaitheanta mar leagáid (idir mhaoinithe agus neamh-mhaoinithe) agus is ar bhonn mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid a dhéantar iad a mheas agus trí thoisíochtí achtúireacha bunaithe ar ionchais an mhargaidh ar an dáta tuairiscithe airgeadais a ríomhtar iad. Cinntear na rátaí lascaine a úsáidtear chun luachanna dliteanais na scéimeanna mar atá siad faoi láthair a shocrú trí thagairt a dhéanamh do thorthaí an mhargaidh ar an dáta tuairiscithe airgeadais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta airgeadra agus téarma atá comhsheasmhach le hairgeadra agus téarma oibleagáidí an tsochair iarfhostaíochta a bhaineann leo.

Léirítear an glanbharrachas nó an t-easnamh a eascraíonn as na scéimeanna sochair scoir sainithe, mar aon leis na dliteanais a bhaineann leis na scéimeanna neamh-mhaoinithe, laistigh de shócmhainní neamhreatha nó de dhliteanais neamhreatha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.



Toimhdí

Déantar na toimhdí is bun leis na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéal cúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí maidir le treochtaí sa chostas cúram sláinte) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus ar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinniollacha an tsochair scoir agus na bpleananna iar-scoir.

Seans go mbeidh na toimhdí seo curtha as a riocht ag:

- i. An ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta;
- ii. Leibhéal cúitimh amach anseo, coinniollacha an mhargaidh shaothair amach anseo; agus
- iii. reochtaí sa chostas cúram sláinte, an ráta boilscithe costais leighis sna réigiúin ábhartha.

Tá na meán-thoimhdí achtúireacha ualaithe a cuireadh i bhfeidhm chun sochar scoir agus dliteanais iar-scoir eile a shocrú le fáil i Nóta 12. Cé go gcreideann an bhainistíocht go bhfuil na toimhdí a úsáidtear oiriúnach, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag difríochtaí i dtaitní iarbhir nó athruithe ar thoimhdí ar na hoibleagáidí agus na costais a aithnítear i dtréimhsí cuntasaíochta amach anseo. D'fhéadfadh luaineacht shuntasach tréimhse ar thréimhse a bheith i gceist le sócmhainní agus dliteanais scéimeanna sochair scoir sainithe, a bhfuil athruithe ar thorthaí bannaí agus fad saoil mar bhunús léi. Le cois ranníocaíochtaí seirbhíse amach anseo, seans go n-éileoidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ranníocaíochtaí airgid nach beag chun easnaimh seirbhíse san am a chuaigh thart a leigheas.



SOLAS – An tÚdarás Breisoideachais & Oiliúna

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

> 2 Ioncam

	Nóta	2022	2021
		€'000	€'000
Maoiniú Stait - Neamh-Chaipitiúil	3	949,470	833,120
Maoiniú Stáit i dtaca le Deontais Chaipitiúla BOO	7(a)	43,896	20,622
Maoiniú Sochair Scoir atá Curtha Siar	12(a)(iii)	(22,804)	(24,367)
Ioncam Eile	4	5,723	3,922
Amúchadh ar Dheontas Caipitil - Dímhéas	5 & 8	325	401
Ioncam Iomlán		976,610	833,698

> 3 Maoiniú Stáit

	2022	2021
	€'000	€'000
Fuarthas Maoiniú Stáit faoi na ceannteidil seo a leanas:		
Neamh-Chaipitiúil		
Vóta 45 (Fo-Cheanteidil A3, A5 & A7) - an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta		
Riarachán agus Costais Ghinearálta		
Costais Foirne agus Forchostais (A3.1)	21,624	18,758
Lúide: Ranníocaíochtaí shochair scoir ó fhostaithe íoctha leis an Stáit	(671)	(733)
Lúide: Ranníocaíochtaí shochair scoir ó fhostóirí íoctha leis an Stáit	(75)	(102)
	20,878	17,923
Cláir Oiliúna SOLAS (A3.1)	3,617	5,558
Deontais Pá Bhreisoideachais & Oiliúna (A5.1.1)	288,650	262,463
Deontais Neamh-Phá Bhreisoideachais & Oiliúna (A5.1.2)	296,864	257,490
Maoiniú Shochair Scoir (A7.1.1)	34,000	32,000
Vóta 45 san Iomlán - Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta	644,009	575,434

SOLAS – An tÚdarás Breisoideachais & Oiliúna

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

> 3 Maoiniú Stáit (ar lean)

	2022	2021
	€'000	€'000
Oireachtas Eile		
An Ciste Náisiúnta Oiliúna †	305,461	257,686
Maoiniú Stáit Iomlán - Neamh-Chaipitiúil #	949,470	833,120
Caipiteal		
Vóta 45 (Fo-Cheannteidil A3.1 & A5.1) - an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta	44,296	21,053
Maoiniú Stáit Iomlán - Caipitiúil	44,296	21,053
Maoiniú Stáit Iomlán	993,766	854,173

† Fuarthas suim de €305.461m (2021: €257.686m) i rith na bliana ón gCiste Náisiúnta Oiliúna. Úsáideadh na cistí seo chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar réimse de Chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna do dhaoine fostaithe agus do dhaoine dífhostaithe araon lena n-áirítear Printiseacht, Forbairt Fostaithe, Oiliúint i Sainscileanna, Socrúchán Oibre, an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus an tAonad um Anailís ar Scileanna.

Tuairiscítear maoiniú Stáit Neamh-Chaipitiúil glan ó bharrachais a gnóthaíodh ó BOOnna arbh fhiú €32.015m iad bainteach le blianta roimhe sin. Agus an gnóthú seo fágtha as an áireamh, bheadh maoiniú Stáit Neamh-Chaipitiúil dar luach €981.485m i gceist do ghníomhaíochtaí BOO in 2022 agus bheadh ioncam iomlán dar luach €1,008.625m i gceist.

Mar chuid den mhaoiniú stáit tá réamhiocaíocht de mhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE).

I gcomhréir le ciorclán 13/14 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le cead na Roinne, coinníodh barrachas 2021 de €10.417m agus tugadh cuntas air in ioncam na bliana reatha mar chuid den deontas iomlán a bhí dlíthe do SOLAS in 2022. San áireamh leis an deontas dar luach €949.470m ón Roinn le haghaidh gnóthaí neamhchaipitil tá airgead tirim dar luach €939.053m a fuarthas in 2022 agus an barrachas €10.417m a tugadh ar aghaidh ó 2021.

> 4 Ioncam eile

	2022	2021
	€'000	€'000
Gníomhaíochtaí Foirgníochta	5,603	3,772
Ioncam Ilghnéitheach	120	150
Iomlán	5,723	3,922

> 5 Costais Phárolla, Costais Shochair Scoir agus Forchostais

	Nóta	2022	2021
		€'000	€'000
Costais Phárolla			
Oifig an POF		316	258
Lár-Oifig na hOifige Náisiúnta Printiseachta	19	579	0
Claochlú		3,513	3,201
Seachadadh		5,740	5,865
Tacaíocht		5,056	4,840
Iomlán na gCostas Párolla *		15,204	14,164
Iomlán na gCostas Sochair Scoir	12(a)(i)	10,360	6,690
Forchostais			
Taisteal & Cothú †		170	30
Oiliúint & Forbairt Foirne		346	260
Dimheas	8	325	401
Costais Theaghlachais		2,394	2,313
Costais Forbartha Cláir		278	78
Cumarsáidí & Teicneolaíocht na Faisnéis		1,930	1,929
Árachas & Timpistí		246	239
Forchostais Eile ‡		1,226	918
Iomlán na bhForchostas		6,915	6,168
Iomlán gCostas Párolla, Sochair Scoir agus Forchostas		32,479	27,022
Táille an Ard-reachtaire Cuntas & Ciste †		51	46

* Cuimsíonn Iomlán na gCostas Párolla tuarastail agus ÁSPC an fhostóra den luach €1,186k agus liúntais den luach €161k, agus ragobair den luach €6k.

† Cuimsíonn costais Taistil & Chothaithe costais náisiúnta de €163k agus idirnáisiúnta de €7k.

‡ Cuimsítear Táille an Ard-reachtaire Cuntas & Ciste sna Forchostais Eile.

SOLAS – An tÚdarás Breisoideachais & Oiliúna

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

> 6 Costais na gClár

	Nóta	2022	2021
		€'000	€'000
ríomhCholáiste		2,156	3,027
Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta		2,340	2,875
Oiliúint le haghaidh na Fostaíochta		4,496	5,902
Printiseacht Chaighdeánbhunaithe		296	790
Oifig Náisiúnta Printíseachta	19	750	0
Foirgníocht		1,619	1,475
Oiliúint le linn na Fostaíochta		2,665	2,265
Measúnachtaí ar an Earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna		15	0
Forbairt Fostaithe (WBEF/STA)		826	360
Cuimsiú Gníomhach		33	206
Forbairt Ghairmiúil Bord Breisoideachais agus Oiliúna		2	0
Feachtas na gConairí/an CAO		510	256
Ciste Oiliúna Debenham		398	0
Clár Inmheánach Printíseachta		64	11
Cláir Eile		1,848	833
Costais Iomlán na gClár		9,009	9,000

> **Soláthar Díreach Maoinithe**

7(a) Achoimre ar Dheontais Arna níoc le Boird Oideachais agus Oiliúna

Bord Oideachais & Oiliúna	Soláthar Breisoideachais agus Oiliúna	Caipiteal	2022	2021
			Iomlán	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
An Cabhán & Muineachán	30,761	5,591	36,352	26,544
Cathair Bhaile Átha Cliath	131,636	1,498	133,134	118,492
Corcaigh	82,347	2,506	84,853	76,579
Dún na nGall	26,105	765	26,870	24,192
Baile Átha Cliath & Dún Laoghaire	75,255	2,756	78,011	62,802
Gaillimh & Ros Comáin	50,338	727	51,065	53,211
Ciarraí	42,745	1,138	43,883	38,696
Cill Dara & Cill Mhantáin	36,452	857	37,309	31,275
Cill Chainnigh & Ceatharlach	24,918	435	25,353	21,947
Laois & Uíbh Fhailí	41,382	435	41,817	34,161
Luimneach & An Clár	77,964	1,840	79,804	70,682
Longfort & An Iarmhí	30,222	726	30,948	24,591
Lú & An Mhí	53,649	20,508	74,157	49,908
Maigh Eo, Sligeach & Liatroim	48,575	2,130	50,705	39,094
Tiobraid Árann	30,436	1,201	31,637	25,786
Port Láirge & Loch Garman	66,624	783	67,407	61,222
Iomlán na nDeontas do Bhoird Oideachais agus Oiliúna	849,409	43,896	893,305	759,182

Nóta: B'ionann na deontais a leithdháileadh ar BOOnna in 2022 agus €925.320m – Eisiocadh deontais arbh ionann iad agus €893.305m in 2022 agus maoiníodh an t-iarhméid dar luach €32.015m trí iarmhéideanna a choimeád BOOnna ó thearc-chaitimh.

> **Soláthar Díreach Maoinithe**

7(b) Achoimre ar Dheontais Arna níoc le Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha (MDPSC)

Scoileanna a bhfuil an Clár PLC á oibriú iontu	2022	2022	2022	2022	2021
	PLC	Deontais Eile	Aisiocáíochtaí Deontais Eile*	Iomlán	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Pobalscoil an Chaisleáin Riabhaigh, Co. Ros Comáin	0	0	(3)	(3)	0
Central College, Co. Luimnigh	73	35	(41)	67	(4)
Scoil Phobail, an Clochán, Co. na Gaillimhe	0	0	0	0	1
Coláiste Chiaráin, Cnoc an tSamhraidh, Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin	27	0	0	27	3
Coláiste Mhuire, Co. na Gaillimhe	8	7	(1)	14	2
Pobalscoil Thobar an Domhnaigh, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13	4	0	0	4	15
Pobalscoil an Ghleanna, Co. Ros Comáin	13	6	0	19	(8)
Pobalscoil Ghuaire, Co. Loch Garman	45	145	(41)	149	9
Meánscoil Íosa agus Muire, Co. Shligigh	51	6	(1)	56	26
Pobalscoil Chill Rois, Co. an Chláir	7	2	0	9	(30)
Scoil Mhuire Gan Smál, Co. an Chláir	2	0	(5)	(3)	27
Coláiste na Trócaire, Cnoc an tSéipéil, Co. Shligigh	7	0	(1)	6	1
Coláiste Gnó an Mhóta, Co. na hIarmhí	198	144	(2)	340	53
Meánscoil na Toirbhearta Thuaidh, Co. Chorcaigh	0	0	(4)	(4)	(20)
Coláiste Sancta Maria, Co. Mhaigh Eo	6	0	(1)	5	5
Scoil Phobail, an Clochán, Co. na Gaillimhe	0	0	0	0	(2)
Coláiste Chuáin, Co. na Gaillimhe	10	0	0	10	21
Scoil Sheosaimh, Rinn na Spáinneach, Co. an Chláir	0	2	(3)	(1)	(0)
Pobalscoil Louis, Coillte Mach, Co. Mhaigh Eo	1	0	(7)	(6)	(7)
Scoil Mhichíl, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin	0	0	(1)	(1)	(5)
Pobalscoil na Tuláí, Co. Cheatharlach	8	2	0	10	(20)
Scoileanna a bhfuil an Clár PLC á oibriú iontu	460	349	(111)	698	67

*Lena n-áirítear Aisiocáíochtaí Deontas COVID-19

> **Soláthar Díreach Maoinithe**

7(b) Achoimre ar Dheontais Arna níoc le Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha (MDPSC)

Scoileanna a bhfuil an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas - (TFO) á oibriú iontu	2022	2021
	€'000	€'000
Central College, Co. Luimnigh	0	28
Coláiste Mhuire	0	(2)
Pobalscoil Thobar an Domhnaigh, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13	67	58
Pobalscoil Ghuaire, Guaire, Co. Loch Garman	36	120
Scoil Mhuire Gan Smál, Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir	169	56
Coláiste Gnó an Mhóta	0	30
Meánscoil de Nógla Rís, Dún ar Aill, Co. Chorcaigh	10	16
Meánscoil na Toirbhearta Thuaidh, Co. Chorcaigh	52	76
Coláiste Sancta Maria, Co. Mhaigh Eo	8	12
Scoil Mhuire, Inis Díomáin, Co. an Chláir	12	1
Coláiste Chuáin, Co. na Gaillimhe	0	(4)
Scoil Sheosaimh, Rinn na Spáinneach, Co. an Chláir	50	44
Pobalscoil Louis, Coillte Mach, Co. Mhaigh Eo	0	(7)
Scoil Mhichil, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin	28	25
	432	453
Aisiocaiochtaí		
An Roinn Oideachais (aisiocaiocht MBÁ) ‡	53	69
An Roinn Oideachais (Costais na gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta in MDPSC)-	3,027	3,377
	3,080	3,446
Iomlán na nDeontas Arna Íoc le Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha	4,210	3,966

‡ Íocaiochtaí Measúnaithe Beartaithe go hÁitiúil (MBÁ) le haghaidh múinteoirí i Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha, íoctha tríd an Roinn Oideachais.

- Costais na gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a bhaineann le pá na múinteoirí i Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha íoctha tríd an Roinn Oideachais.

> Soláthar Díreach Maoinithe

7(c) Achoimre ar Dheontais íoctha le heagraíochtaí san Earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna

Breisoideachas agus Oiliúint - Eagraíochtaí Tacaíochta	2022	2021
	€'000	€'000
AHEAD - Association for Higher Education Access & Disability	244	197
AONTAS - An Eagraíocht Náisiúnta um Fhoghlaim do Dhaoine Fásta	1,591	1,353
Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (CSPC)	223	109
Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta	83	83
Down Syndrome Ireland	64	140
Pavee Point	104	0
Cumann Disléicse na hÉireann	191	103
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)	2,188	1,608
An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ANLA)	2,188	2,260
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO)	176	277
	7,052	6,130
Breisoideachas agus Oiliúint - Eagraíochtaí na nIonadaithe Foirne		
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) ^	68	26
Cumann Náisiúnta na Stiúrthóirí Oideachais d'Aosaigh agus don Phobal (CNSOAP)	32	21
	100	47
Breisoideachas agus Oiliúint - Deiseanna Foghlama ar Feadh an tSaoil		
Aoisghníomhaíocht Éireann	132	67
An Cosán - The Shanty Educational Project Ltd	660	660
Bantracht na Tuaithe	21	21
An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ANLA)	43	0
Peoples College	111	112
Third Age	241	215
	1,208	1,075
Breisoideachas agus Oiliúint - Forbairt Ghairmiúil Leanúnach		
SETU (ar a dtugtaí Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge air roimhe seo) (ITPL/ Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh)	525	512
An tAontas Eorpach agus Tionscadail Áirithe		
An Príomhoifig Staidrimh (CMIIA)*	1,166	169
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (CMIIA)*	107	200
Modh mear isteach go Teicneolaíocht na Faisnéise (MTF)	1,244	1,260
Cumann na hÉireann um Eagraíochtaí Oiliúint Phobail (CÉEOP)	134	151
Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe (ÉÉDD)	20	20
LEARGAS	91	0
	2,762	1,800

SOLAS – An tÚdarás Breisoideachais & Oiliúna

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Breisoideachas agus Oiliúint - Soláthróirí Eile		
Cumann Bodhar na hÉireann	663	362
An Áisineacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ANLA) - Write On/Teagasc Fóin	186	170
Ionad na Tríonóide le haghaidh Daoine a bhfuil Míchumais Intleachtúla orthu	160	160
	1,009	692
Iomlán na nDeontas d'Eagraíochtaí san Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna	12,656	10,256

* An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (CMIIA)

^ Dáileann Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) an deontas seo le comhlachais éagsúla foirne san earnáil BOO

> 7(d) Deontais arna n-íoc le fostóirí maidir leis na Scéimeanna Dreasaithe Printíseachta

	Nóta	2022	2021
		€'000	€'000
Scéim Dreasaithe Printíseachta*		9,925	10,389
Deontas Fostóra Printíseachta #	19	891	0
Iomlán na nDeontas d'Fhostóirí		10,816	10,389

* In 2022, íocadh deontais den luach €6.830m ar an iomlán le 2,304 fostóir (3,415 printíseach) maidir le clárú printíseach. Íocadh €3.095m breise le 1,819 fostóirí (3,095 printíseach) maidir le coinneáil printíseach. In 2021, íocadh deontais den luach €10.126m ar an iomlán le 2,630 fostóir (5,063 printíseach) maidir le clárú printíseach. Íocadh €0.263m breise le 194 fostóirí (263 printíseach) maidir le coinneáil printíseach.

In 2022, íocadh deontais den luach €0.891m ar an iomlán le 297 fostóir maidir le clárú printíseach faoin gclár seo.

> 7(e) Achoimre ar Dheontais arna n-íoc le Cuibhreannais agus Comhlachtaí Comhordaithe

Breisoideachas agus Oiliúint - Deontais do Chuibhreannais agus Comhlachtaí Comhordaithe	2022	2022	2022	2021
	Deontais Oibriúcháin	Deontais Forbartha*	Iomlán	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann				
Printíseacht Teicneora Cuntasaíochta	823	0	823	1,418
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach				
Innealtóireacht Shibhialta Leibhéal 6	0	16	16	0
Innealtóireacht Shibhialta Leibhéal 7	0	11	11	0
Innealtóireacht Shibhialta Leibhéal 8	0	21	21	0
Innealtóireacht Shibhialta Leibhéal 9	0	15	15	0
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath				
Ceantálaíocht & Seirbhísí Réadmhaoine	0	0	0	2
Modh mear isteach go Teicneolaíocht na Faisnéise (MTF)				
Comhlach TFC - Forbróir Bogearraí/Lionra Innealtóir/Cibearshlándáil	698	0	698	796

SOLAS – An tÚdarás Breisoideachais & Oiliúna

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Breisoideachas agus Oiliúint - Deontais do Chuibhreannais agus Comhlachtaí Comhordaithe	2022	2022	2022	2021
Cumann Iompair agus Lastiompair na hÉireann				
Maoiniú Forbartha Chumann Iompair agus Lastiompair na hÉireann	0	15	15	0
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach				
Printiseacht Geo-Dhruileálaí	0	0	0	25
BOO na Gaillimhe agus Ros Comáin				
Crannadóireacht - aisíoc	0	0	0	(22)
Coláiste Uí Ghríofa Baile Átha Cliath				
Cúntóir Cúram Sláinte	0	50	50	62
BOO Laoise agus Uíbh Fhailí				
Scafall	0	0	0	45
BOO Luimnigh agus an Chláir				
Gruagaireacht	0	0	0	54
BOO Lú & na Mí				
Róbataic & Uathobriú	0	18	18	0
BOO Mhaigh Eo, Shligigh & Liatroma				
Teicneolaíocht Thumthach	0	11	11	0
Bainisteoir Margaíochta & Meán	0	10	10	0
Cumann na mBialann in Éirinn				
Chef De Partie/Sous Chef	0	0	0	15
Cuibhreannas Retail Ireland Skillsnet				
Printiseacht sa Mhaoirseacht Miondíola	1,016	0	1,016	809
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Lár				
Ard-Suirbhéir Cainníochta	0	27	27	0

SOLAS – An tÚdarás Breisoideachais & Oiliúna

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Breisoideachas agus Oiliúint - Deontais do Chuibhreannais agus Comhlachtaí Comhordaithe	2022	2022	2022	2021
Ollscoil Luimnigh				
Cleachtóir Cibearshlánda Leibhéal 8	0	80	80	0
Innealtóir Córas Trealamh	0	0	0	48
Priomh-Innealtóir	0	0	0	49
Comhlach, Bainisteoir agus Speisialtóir Slabhra Soláthair	0	0	0	125
Bainisteoir Lean Sigma	0	0	0	40
Iomlán	2,537	274	2,811	3,466

*Féach Nóta 19

> 8 Maoin, Gléasra & Trealamh

Nóta	2022			2021		
	Talamh & Foirgnimh	Trealamh & Troscán	Iomlán	Talamh & Foirgnimh	Trealamh & Troscán	Iomlán
Costas	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid Tosaigh	633	3,263	3,896	599	3,733	4,332
Breiseanna le linn na tréimhse	41	179	220	34	90	124
Aistriú Talún	8(b) (120)	0	(120)	0	0	0
Diúscairtí le linn na tréimhse	8(a) 0	(668)	(668)	0	(560)	(560)
Iarmhéid ag deireadh na tréimhse	554	2,774	3,328	633	3,263	3,896
Dímheas Carnach						
Iarmhéid Tosaigh	327	2,922	3,249	270	3,138	3,408
Dímheas ar Dhiúscairtí	8(c) 0	(668)	(668)	0	(560)	(560)
Táille don tréimhse	62	263	325	57	344	401
Iarmhéid ag deireadh na tréimhse	389	2,517	2,906	327	2,922	3,249
Glanluach de réir na Leabhar ag deireadh na Bliana	165	257	422	306	341	647

SOLAS – An tÚdarás Breisoideachais & Oiliúna

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

- 8(a) Ba é luach na diúscartha trealaimh agus troscáin sa tréimhse ná €0.668m (2021: €0.560m) agus bhain sé le trealamh oidhreachta a bhí dímheasta go hiomlán chomh maith le trealamh a bhí imithe as feidhm.
- 8(b) Aistríodh talamh i mBiorra, ar chuir Oifig Luachála luach €0.120m air, chuig an Roinn Oideachais le haghaidh foirgneamh scoile ar luach NÁID. Cuireadh nósanna imeachta maidir leis an aistriú seo i gcrích de réir chiorcláin 11/15 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 'Prótacail le haghaidh aistriú sócmhainní réadmhaoine an stáit' agus 17/16 'Beartas chun réadmhaoín a fháil agus chun réadmhaoín barrachais a dhiúscairt'.
- 8(c) Déantar an dímheas, diúscairt agus díscríobh sócmhainní ar fad a mhaoiniú trí aistriú comhfhreagrach ón gCúlchiste Caipitil. Ní raibh aon díscríobh bearnúcháin ann le linn na tréimhse.

SOLAS – An tÚdarás Breisoideachais & Oiliúna

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

> 9 Infháltais

	2022	2021
	Amhail ar an 31 Nollaig 2022	Amhail ar an 31 Nollaig 2021
	€'000	€'000
Trádáil agus Infháltais Eile	20	47
Réamhiocaíochtaí Ginearálta	1,747	713
Iomlán	1,767	760

> 10 Billí Iníochta

	2022	2021
	Amhail ar an 31 Nollaig 2022	Amhail ar an 31 Nollaig 2021
	€'000	€'000
Billí Iníochta Trádála	1,057	663
Fabhruithe	2,372	559
Soláthar Pá Saoire	170	134
Asbhaintí Párolla	34	18
Imréiteach Ioncaim/Cuntas Ioncaim Iarchurtha	105	161
Iomlán	3,738	1,535

> 11 Luach Saothair

> 11(a) Sochair Chomhiomlána an Fhostaí

	2022	2021
	€'000	€'000
Pá agus Tuarastail	14,018	13,083
Costais ÁSPC an Fhostóra	1,186	1,081
